Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí
Office of the Director of Public Prosecutions

# Tuarascáil Bhliantúil 2011

Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ,
Bóthar na hOtharlainne,
Baile Átha Cliath 7.

Tel: + 353 1 858 8500
Fax: + 353 1 642 7406
Web: www.dppireland.ie

An Príomh-Aturnae Ionchúisimh,
90 Sráid an Rí Thuaidh,
Margadh na Feirme,
Baile Átha Cliath 7

Tel: +353 1 858 8500
Fax: +353 1 642 7406
Web: www.dppireland.ie

© Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí 2012

# CONTENTS


Réamhfhocal .......... 4

CUID 1: BAIR GHINEARÁLTA NA HOIFIGE .......... 7

1.1 Obair Ghinearálta na hOifige .......... 8

1.2 Creat an Phróisis Ionchúiseamh Choiriúil .......... 9

1.3 Struchtúr na hEagraíochta .......... 10

PART 2: SÚIL SIAR AR AN MBLIAIN .......... 11

2.1 Súil Siar ar an mBliain .......... 12

2.2 Caiteachas na hOifige .......... 18

2.3 Sliocht as an gCuntas Leithreasa 2010 .......... 21

2.4 An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 .......... 22

2.5 Príomhthorthaí Oibre .......... 23

2.6 Saoráil Faisnéise .......... 25

2.7 Tuarascáil Bhliantúil Maidir Le hÉifeachtúlacht Fuinnimh 2011 .......... 26

CUID 3: CORA NUA I GCÚRSAÍ DLÍ .......... 27

3.1 Cora Nua i gCúrsaí Dlí 2011 .......... 28

CUID 4: STAITISTICÍ .......... 35

4.1 Comhaid Ionchúisimh a Fuarthas .......... 37

4.2 Torthaí na gCásanna arna n-Ionchúiseamh ar Díotáil .......... 45

4.3 Iarratais Chuig na Cúirteanna .......... 55

# RÉAMHFHOCAL

Seo í an chéad Tuarascáil Bhliantúil á cur i láthair agam ó ceapadh mé i mo Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí i Samhain 2011. Is mór an onóir domsa an post thar a bheith tábhachtach seo a bheith agam.

Tá an t-ádh orm gur tháinig chugam seirbhís ionchúisimh a bhfuil athchóiriú agus nuachóiriú mór déanta uirthi. Tuigim go rímhaith, áfach, go bhfuil athruithe eile fós le déanamh ar an tseirbhís ionchúisimh tráth a bhfuil srianta móra airgeadais ann.

Thosaigh athrú mór ag teacht ar bhainistiú na hOifige ó thús 2011 inar ceapadh pearsanra nua sa trí ról dlí ba shinsearaí san Oifig. Ghlac mise oifig i mo Stiúrthóir i Samhain 2011 agus i Meitheamh 2012 ghlac an Príomh-Aturnae Ionchúisimh agus Ceann an Rannáin Stiúrtha oifig.

Tá an Oifig, mar aon le gníomhaireachtaí eile Stáit, i mbun oibre in aeráid dhúshlánach eacnamaíoch. Tá tionchar mór aige seo ar a gcuid acmhainní. Tá Oifig an DPP difriúil ó fhormhór na nOifigí agus na Ranna Rialtais eile sa mhéid agus nach bhfuil ach feidhm shuntasach amháin aici, is é sin coireanna a ionchúiseamh. Níl aon chláir roghnacha ann ar féidir léi socrú deireadh a chur leo.

Tá sé ráite ag an Oifig cheana go bhfuil acmhainní gann i ndáil leis na comhaid níos casta agus níos mó nach mór dúinn a bhreithniú agus ina dhiaidh sin a chur i láthair sa chúirt nuair a chinntear ionchúiseamh a dhéanamh. Mar a léiríonn na staitisticí d'éirigh linn an ráta céanna tréchuir a choinneáil is a bhí i 2010 agus i 2009. Bíonn níos mó agus níos mó imní orm áfach go mbeidh sin dodhéanta sna blianta atá romhainn.

Braitheann caiteachas na hOifige a bheag nó a mhór ar éileamh mar nach bhfuil aon smacht againn ar an leibhéal coiriúlachta ná ar an líon ionchúiseamh a bhíonn le hionchúiseamh againn.

Ina dhiaidh sin féin d'éirigh le m'Oifig coigiltis shuntasacha a dhéanamh i 2011 go háirithe faoin



gceannteideal Costais Dlí. I 2011 freisin chuir an Oifig ciorrú eile de 10 faoin gcéad i bhfeidhm ar tháillí gairmiúla a raibh tionchar aige ar na táillí a híocadh le habhcóidí a dhéanann ionchúiseamh thar mo cheann. 26 faoin gcéad mar sin ar an iomlán an ciorrú a rinneadh ar tháillí le lucht dlí ó Mhárta 2009.

Tá nithe tarlaithe ag leibhéal na hEorpa ar dóigh a mbeidh tionchar acu ar acmhainní na hOifige seo. Tá plé á dhéanamh ar Threoir ón Aontas Eorpach ina bhfuil sé i gceist na híos-chaighdeáin maidir le cearta, le leibhéal tacaíochta agus cosaint a cheart d'íospartaigh coireachta a bheith ag súil leo ar fud an Aontais Eorpaigh, a leagan amach. Cé nach bhfuil sé críochnaithe go fóill tá sé tábhachtach a rá ag an tráth seo go bhfuil ar cheann de na cearta atá molta an ceart a bheith ag íospartach, i bhformhór cásanna faoi réir eisceachtaí teoranta, eolas a fháil ar na cúiseanna a bhí ag an ionchúiseamh gan cás a ionchúiseamh. Tá a fhios againn cheana féin ó thaithí go bhfuil an próiseas

ina dtugtar cúiseanna le cás ina mbíonn bás duine mar thoradh air, atá i bhfeidhm ó 2008, trom ar acmhainní agus gné thábhachtach a bheidh ansin i ndáil le haon síneadh a dhéanfaí ar an obair seo atá de dhíth faoin treoir seo amach anseo.

Céim mhór chun cinn ab ea foirgneamh amháin a bhaint amach do cheanncheathrú m'Oifige i ngar do na Cúirteanna Breithiúnais Coiriúla ar Bhóthar na hOtharlainne. Bhí tiomantas tugtha ag an Aire Stáit sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar a bhfuil freagracht speisialta d'Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí agus Oifig na nOibreacha Poiblí Brian Hayes TD don té a tháinig romham go rachadh an tionscadal seo chun cinn. Ghlac an Oifig ar lámh le gairid formhór na cóiríochta ina raibh an Roinn Cosanta ann roimhe seo ar Bhóthar na hOtharlainne, Baile Átha Cliath 7. Nuair a rinneadh sin d'imíomar as a n-áitreabh ar Shráid Mhuirfean a bhí ar fáil láithreach do Roinn Rialtais. Tá an Rannán Stiúrtha agus dhá chuid de Rannán na nAturnaetha anois lonnaithe ar Bhóthar na hOtharlainne.

Tá sé geallta freisin gur ag an Oifig seo a bheidh an chóiríocht eile ar an láithreán a bhfuil gníomhaireachtaí eile iontu faoi láthair. Ní hamháin go bhfuil buntáiste mór ó thaobh straitéise ag baint leis don Oifig seo ach déanfar coigiltis mhóra amach anseo ar fhorchostais. Nó go dtarlóidh sin beidh Rannán na nAturnaetha, faoi stiúir an Phríomh-Aturnae Stáit, roinnte ar dhá láthair agus ní mó ná sásúil atá sé sin. In ainneoin na mí-chaoithiúlachta seo sa ghearr téarma, áfach, tá buntáiste le baint láithreach as comhaltaí ar leith d'fhoireann na n-aturnaetha a bheith i ngar don fhoireann stiúrtha a shocraíonn, i bhformhór na gcásanna, cás a ionchúiseamh. I gcomhthéacs Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh agus na srianta eacnamaíocha atá ann faoi láthair tá an Oifig le tamall anois ag cur athchóirithe i bhfeidhm atá dírithe ar roinnt den fhreagracht maidir le déanamh cinntí a tharmligean ar Rannán na nAturnaetha nuair is cuí sin ionas gur féidir dúbailt oibre i measc aturnaetha a sheachaint. Tá sé i gceist tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar an tionscnamh seo.

Ar deireadh, i mo chéad bhliain dom i mo Stiúrthóir ba maith liom buíochas a ghlacadh leis na grúpaí éagsúla a chuidigh le seirbhís ionchúisimh éifeachtach a chur i bhfeidhm. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le m'fhoireann i m'Oifig, na hAturnaetha Stáit ar fud na tíre agus comhaltaí go leor an Bheáir a chuidíonn le seirbhís ionchúisimh a sholáthar thar cheann Mhuintir na hÉireann. Tuigim go bhfuil leibhéal ard seirbhíse á sholáthar ainneoin na gciorruithe atá déanta ar thuarastail agus ar tháillí.



**Claire Loftus**
**An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí**
Lúnasa 2012

## RÁITEAS MHISIN

Seirbhís ionchúisimh atá
neamhspleách, cóir agus éifeachtach
a chur ar fáil do Phobal na hÉireann

# CUID 1:

# OBAIR GHINEARÁLTA NA HOIFIGE

# 1.1 OBAIR GHINEARÁLTA NA HOIFIGE

**1.1.1** Is í príomhfheidhm an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ionchúisimh phoiblí agus nithe gaolmhara coiriúla a threorú agus a mhaoirsiú.

**1.1.2** Is ón nGarda Síochána, an phríomh-ghníomhaireacht imscrúdaithe náisiúnta a fhaigheann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí formhór na gcásanna lena n-déileálann an Oifig.  Mar sin féin, tarchuireann gníomhaireachtaí imscrúdúcháin speisialta eile roinnt cásanna chuig an Oifig freisin, lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim, Ranna Rialtais, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, An Post, an tÚdarás Iomaíochta, an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus údaráis áitiúla.

**1.1.3** Tá trí rannán in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí:

Tar éis comhad imscrúdaithe a scrúdú, déanann an Rannán Stiúrtha cinneadh maidir le cibé ar chóir nó nár chóir ionchúiseamh a bheith ann nó má tá sé tosaithe ag an nGarda Síochána cibé acu ar chóir nó nár chóir leanúint ar aghaidh leis.   Cuirtear in iúl sa treoir a eisítear na cúisimh, más ann, a thabharfar os comhair na gcúirteanna.  I gcásanna áirithe beidh gá le breis faisnéise agus imscrúdaithe sula bhféadfar cinneadh a dhéanamh.  Bunaítear cinneadh chun dul ar aghaidh le hionchúiseamh ar chás *prima facie*  - fianaise a d'fhéadfadh, cé nach gá go dtarlódh sé, cúirt nó giúiré a threorú chuig cinneadh go bhfuil an duine ciontach sa chion, thar amhras réasúnach.

Soláthraíonn an Rannán Aturnaetha, faoi cheannaireacht an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh, seirbhís aturnae chuig an Stiúrthóir in ullmhú agus i gcur i láthair cásanna i gCúirteanna Dúiche agus Cuarda Bhaile Átha Cliath, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil, sa Chúirt Choiriúil Speisialta, sa Chúirt Achomhairc Choiriúil, san Ardchúirt agus sa Chúirt Uachtarach á n-ullmhú agus á gcur i láthair.  Fostaítear 32 aturnae stáit lasmuigh de cheantar Bhaile Átha Cliath, ar bhonn conartha chun seirbhís aturnae a chur ar fáil sa Chúirt Chuarda agus i roinnt ábhar na Cúirte Dúiche ina gceantair áitiúla féin.

Soláthraíonn an Rannán Riaracháin seirbhísí eagraíochta, bonneagair, riaracháin agus faisnéise a theastaíonn ón Oifig agus tugann sé tacaíocht freisin don Rannán Stiúrtha agus don Rannán Aturnaetha.

# 1.2 CREAT AN PHRÓISIS IONCHÚISEAMH CHOIRIÚIL

### AN GARDA SÍOCHÁNA & SAINGHNÍOMHAIREACHTAÍ IMSCRÚDÚCHÁIN

- Imscrúdaithe coiriúla neamhspleácha a sheoladh
- An chuid is mó de na hionchúisimh achoimre i ndáil le cionta nach cionta tromchúiseacha a sheoladh sa Chúirt Dúiche (faoi réir ag cumhacht an DPP treoir a thabhairt)
- Comhaid a ullmhú agus a chur faoi bhráid Rannán na nAturnaetha in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (cásanna Bhaile Átha Cliath) nó faoi bhráid an aturnae stáit áitiúil (cásanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath) i leith cionta tromaí

### RANNÁN NA nATURNAETHA OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ
**(Cásanna atá le héisteacht i mBaile Átha Cliath)**

### ATURNAE STÁIT ÁITIÚIL
**(Cásanna atá le héisteacht lasmuigh de Bhaile Átha Cliath)**

- Ionchúisimh achoimre áirithe a sheoladh sa Chúirt Dúiche
- Comhaid imscrúdaithe a chur faoi bhráid Rannán na dTreoracha d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí chun treoracha a fháil maidir le hionchúiseamh
- Cásanna a ullmhú le haghaidh na cúirte

### RANNÁN NA dTREORACHA
### OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ

- Scrúdaíonn comhaid a fhaightear ó Rannán na nAturnaetha agus ó aturnaetha stáit áitiúla
- Stiúraíonn tionscnamh ionchúisimh nó leanúint d'ionchúiseamh
- Ainmníonn abhcóidí chun cásanna a ionchúiseamh ar díotáil (os comhair na Cúirte Cuarda, na Príomh-Chúirte Coiriúla agus na Cúirte Coiriúla Speisialta)
- Soláthraíonn treoir leanúnach agus comhairle dhlíthiúil do Rannán na nAturnaetha agus d'aturnaetha stáit áitiúla go dtí go gcríochnaítear an cás atá á éisteacht
- Tugann comhairle don Gharda Síochána agus do shainghníomhaireachtaí imscrúdúcháin agus tugann treoracha maidir le cúisimh a dhéanamh

### RANNÁN NA nATURNAETHA OIFIG AN STIÚRTHÓRA IONCHÚISEAMH POIBLÍ
**(Cásanna atá le héisteacht i mBaile Átha Cliath)**

### ATURNAE STÁIT ÁITIÚIL
**(Cásanna atá le héisteacht lasmuigh de Bhaile Átha Cliath)**

- Treoracha ó Rannán na dTreoracha a chur chun feidhme
- Freastal ar réamhéisteachtaí sa Chúirt Dúiche
- Leabhar Fianaise a ullmhú i gcásanna díotála
- Teagasc agus cúnamh a thabhairt don abhcóide ainmnithe atá ag seoladh an ionchúisimh
- Freastal ar an triail agus tuairisc a thabhairt ar an toradh do Rannán na dTreorach
- Seirbhís idirchaidrimh a sholáthar do ghníomhaireachtaí agus do pháirtithe atá páirteach sa phróiseas coiriúil

### ABHCÓIDE IONCHÚISIMH

- Láithriú sa chúirt agus ionchúisimh ar díotáil a sheoladh thar ceann, agus de réir threoracha, an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

### NA CÚIRTEANNA

- Cás le linn éisteachta (díotchúiseamh, triail)
- Toradh an cháis (ciontú/éigiontú)
- Pianbhreith a ghearradh

# 1.3 STRUCHTÚR NA HEAGRAÍOCHTA (Suas go dtí Lúnasa 2012)

**An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí**
Claire Loftus

**An Leas-Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí**
Barry Donoghue

## Rannán na dTreoracha

**Ceannasaí Rannán na dTreoracha**
Elizabeth Howlin

Bainisteoirí:
David Gormally
Niall Lombard
Peter McCormick
Domhnall Murray

## An Rannán Riarachán

**Ceannasaí Riaracháin**
Declan Hoban

Bainisteoirí:

**An tAonad Cumarsáide & Forbartha**
Helen Cullen

**An tAonad Airgeadais**
John Byrne

**An tAonad Acmhainní Daonna & Oiliúna**
Claire Rush

**An tAonad Teicneolaochta Eolais**
Marian Harte

**An tAonad Leabharlainne & Taighde**
Conor McCabe

**An tAonad Eagrúcháin & Seirbhísí Ginearálta**
Joe Mulligan

## Rannán na nAturnaetha

**An Príomh-Aturnae Ionchúisimh**
Peter Mullan

**An Leas-Phríomh-Aturnae Ionchúisimh**
*folamh*

Bainisteoirí:

**Rannóg na nUrghabhála Sócmhainní**
Michael Brady

**Rannóg na dTrialacha Cúirte Cuarda**
Ronan O'Neill

**Rannóg na Cúirt Achomhairc Choiriúil & Bannaithe**
Francis H. Cassidy

**Rannóg na Cúirte Dúiche**
Séamus Cassidy

**Rannóg na nAthbhreithnithe Breithiúnacha**
Helena Kiely

**Rannóg na nUaschúirteanna**
Liam Mulholland

## Aonad an Pholasaí Ionchúisimh

**Ceannasaí Aonad an Pholasaí Ionchúisimh**
Kate Mulkerrins

# ASGB 2:

## SÚIL SIAR AR AN MBLIAIN

# 2.1 SÚIL SIAR AR AN MBLIAIN

**2.1.1** Tugtar athbhreithniú sa chaibidil seo ar obair na hOifige i rith na bliana 2011 i ndáil leis an mbainistíocht ar an tseirbhís ionchúisimh de réir na n-aidhmeanna sin a leagtar amach sa Ráiteas Straitéise 2010 - 2012.

## BAINISTÍOCHT STRAITÉISEACH

**2.1.2** Nuair atá laghdú suntasach á dhéanamh ar an gcaiteachas poiblí, is mór an cúram ar an Oifig é a chinntiú nach dtarlaíonn lagú ar bith ar an ionchúiseamh maidir le coireanna tromchúiseacha agus go ndéantar na hacmhainní atá ar fáil a úsáid chomh héifeachtúil agus is féidir.

**2.1.3** I mí Eanáir 2011 b'ionann lánacmhainn foirne Oifig an DPP agus 191.4 coibhéis lánaimseartha - ísliú ó 194.3 i mí Eanáir 2010.

**2.1.4** Chomh maith leis an bhfoireann atá fostaithe go díreach, fostaítear daoine ar conradh maidir le Seirbhís na nAturnaetha Stáit. Tá 32 aturnae atá i mbun cleachtais go príobháideach i gceist agus iad ar conradh ag Oifig an DPP chun fónamh thar ceann an Stiúrthóra sna Cúirteanna Cuarda taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. Tá 155 abhcóide ar phainéal freisin ag an Oifig a fhostaítear de réir an cháis chun ionchúiseamh a dhéanamh thar ceann an Stiúrthóra sna cúirteanna coiriúla éagsúla.

**2.1.5** Bhí costas iomlán thart ar €36.7m leis an tseirbhís ionchúisimh i rith na bliana 2011. Baineann 37% den tsuim sin le táillí a íoctar le habhcóidí a dhéanamh ionchúiseamh ar chásanna thar ceann an Stiúrthóra sna cúirteanna coiriúla éagsúla, agus baineann 34% le tuarastal & pá a íocadh le lucht foirne Oifig an DPP. Baineann 7% eile leis an tsuim a íocadh mar chostais dlí de réir breith cúirte.

**2.1.6** Bhí an costas leis an tseirbhís ionchúisimh i rith na bliana 2011 tuairim is €4.3m níos ísle ná mar a bhí sa bhliain 2010. Is léiriú sin ar na bearta atá curtha i bhfeidhm ag an Oifig faoi théarmaí Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí chun sábháil agus éifeachtúlacht sa bhreis a thabhairt i gcrích. D'fhág laghdú 10% ar an ráta táillí a íoctar le habhcóidí ón 1 Deireadh Fómhair 2011, chomh maith le toradh carnach ísliú 8% a cuireadh i bhfeidhm i mí Márta 2009 agus arís i mí Aibreán 2010, gur tharla laghdú tuairim is €1.8m ar na táillí a íocadh le habhcóidí. Tugadh sábháil shuntasach i gcrích i rith na bliana 2011 freisin i ndáil leis na costais dlí a d'ordaigh an chúirt a íoc. Bhí tuairim is €3.5m níos lú de chostais dlí a íocadh i rith na bliana 2011 seachas mar a íocadh sa bhliain 2010. Bhí an ról forbheartach a rinne an Oifig ag féachaint le laghdú ar an tsuim a íoctar mar chostais trí pholasaí docht a chur i bhfeidhm maidir le Costais a aontú ina shiocair mhór i ndáil leis an ísliú sin. Leanfaidh an Oifig de sin a chur i bhfeidhm go tréan. Ina ainneoin sin, tá tosca eile nach mbíonn aon smacht againn orthu a d'fhéadfadh cur isteach tráth ar bith ar leibhéal na gcostas a bheadh orainn a íoc. D'fhéadfadh gurb é toradh a bheadh ar roinnt breitheanna le gairid sa Chúirt Achomhairc Choiriúil go mbeadh baol costais níos mó ann don Oifig seo.

**2.1.7** Ar mhaithe le feabhas a chur ar na próisis oibre ar fud na heagraíochta d'fhonn breis éifeachtúlachta a thabhairt i bhfeidhm, lean an Oifig i rith na bliana 2011 den tionscnamh maidir le cúram cinnte a tharmligean a thabhairt chun cinn. Faoin tionscnamh sin, déantar an cúram maidir le cinneadh a dhéanamh cibé ar cheart nó nár cheart ionchúiseamh a dhéanamh a tharmligean ón lucht foirne i Rannán Stiúrtha na hOifige le haturnaetha i Rannán na nAturnaetha i gcúinsí

áirithe. Rinneadh próiseáil i rith na bliana ar 78 comhad i mBrainse na Cúirte Dúiche de Rannán na nAturnaetha gan a gcur faoi bhráid an Rannáin Stiúrtha. Thug Ceannasaí Bhrainse na nAthbhreithnithe Breithiúnacha treoir maidir le 127 iarratas ar athbhreithniú breithiúnach gan a gcur faoi bhráid an Rannáin Stiúrtha. Chuidigh an t-athstruchtúrú seo ar an obair le dúbailt díchill idir an dá rannán dlí san Oifig a laghdú.

**2.1.8** Cuireadh tús sa bhliain 2010 leis an athbhreithniú ar an gCóras Bainistíochta Cásanna, Cáipéisí agus Comhad ar ríomhaire agus leanadh leis sin i rith na bliana 2011. Sa bhliain 2008 a tugadh an córas sin isteach ar dtús agus fágann sé aon phointe amháin ag bainisteoirí agus lucht foirne ar fud na heagraíochta ar fad chun teacht ar gach comhad ionchúisimh. Tháinig feabhsú breise ar an gcóras de thoradh ar an athbhreithniú ionas gur fearr arís is féidir freastal do riachtanais gnó na hOifige.

**2.1.9** Leanadh den ról tábhachtach atá ag Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) na Státseirbhíse maidir le deis a thabhairt do bhainisteoirí agus don lucht foirne araon an fheidhmíocht a mheas i gcomórtas le spriocanna aontaithe. Chuidigh sin cinntiú go ndearnadh déileáil in am tráth le comhaid agus gur thángthas leis na spriocthráthanna a bhí aontaithe. Cuireadh forbairt foirne chun cinn freisin leis an gcóras trí mheantóireacht agus cláracha struchtúrtha oiliúna.

**2.1.10** Bhí de thoradh ar an gClár maidir le Gluaisteacht Foirne a tugadh isteach ar dtús sa bhliain 2010 gur cuireadh 27 ball foirne i mbun cúraimí nua i rith na bliana - 13 cás acu sin a raibh athrú rannáin i gceist leo. Tugtar deis don lucht foirne tríd an gclár seo leathnú ar a gcuid taithí oibre, chomh maith le bealach a bheith ar fáil don Oifig chun an lón eolais agus saineolais a scaipeadh ar fud an dá rannán dlí san Oifig. Is tairbheach an toradh atá ar an tionscnamh seo ó thaobh na bainistíochta agus na foirne araon.

## AN COMHTHÉACS DLÍ

**2.1.11** Bíonn síorathrú ag teacht ar an gcomhthéacs dlí ina bhfeidhmítear. Ní mór dúinn coinneáil ar an eolas go seasta síoraí ar chora nua sa dlí, in Éirinn agus thar lear, agus an géarú leanúnach ar chastacht an dlí coiriúil agus an chleachtais a thabhairt san áireamh.

**2.1.12** Ar cheann de na cuspóirí príomhthábhachta atá ag an Oifig agus seirbhís ardchaighdeáin ionchúisimh á chur ar fáil, tá a chinntiú go mbíonn tuiscint ag an bhfoireann ar an dlí agus ar an gcomhthéacs ina bhfeidhmíonn an Oifig. Cé go bhfuil laghdú suntasach le trí bliana anuas ar an mbuiséad oiliúna don Oifig, is den bhunriachtanas go gcinntítear an fhorbairt ghairmiúil leanúnach ar an bhfoireann.

**2.1.13** Rinneadh infheistíocht iomlán €258,671 san oiliúint ar dhaoine den fhoireann i rith na bliana 2011. Bhí luach €19,200 de sin curtha i leith oiliúint a bhain go sonrach le cúrsaí dlí agus caitheadh €41,634 maidir le freastal ar sheimineáir, ar chomhdhálacha agus ar chúrsaí oiliúna. Cuireadh €69,569 sa bhreis air sin i leith dhaoine den fhoireann a thapaigh deiseanna faoin Scéim Aisíoc Táillí i ndáil le cúrsaí éagsúla dlí agus bainistíochta ar leibhéil éagsúla.

**2.1.14** D’fhonn laghdú breise ar an tsuim a caitheadh ar oiliúint i gcúrsaí dlí, cuireadh athstruchtúrú ar chruinnithe réimsí dlí ionas go raibh gné oiliúna i gceist a bhí inchomhartha maidir le pointí CPD (Forbairt Ghairmiúil Leanúnach). Bhain an Oifig leas as saineolas dlí san oifig féin agus an oiliúint sin á cur ar fáil. Bhí de thoradh air sin gur laghdaíodh ar an méid a bhítear i muinín oiliúint a dhéanamh go seachtrach chun riachtanais CPD a shásamh agus go raibh sábháil airgid ann don Oifig.

**2.1.15** D’eagraigh an Oifig dhá chruinniú den Líonra Dlí don lucht foirne sa dá rannán dlí san Oifig i rith 2011. Rinne dlíodóirí inmheánacha agus dlíodóirí seachtracha a bhfuil saineolas faoi leith acu sa dlí coiriúil áisitheoireacht i ndáil leis na cruinnithe. I measc na n-ábhar a pléadh, bhí Léirmhíniú na Reachtaíochta;

an Ról atá le Finnéithe Saineolais; agus Forthuairiscí ar an Dlí Coiriúil. Thug na cruinnithe seo deis don fhorbairt ar an lucht foirne gan aon chostas ar an Oifig. Anuas air sin, thug gach duine den fhoireann dlí faoi chúrsa oiliúna éigeantach san oifig maidir le hOiliúint Rialachais i rith na bliana.

**2.1.16** D'eagraigh an Oifig Seimineár Bliantúil na nAturnaetha Stáit arís i mí Eanáir 2011 agus an dara ceann déag de Chomhdhálacha Bliantúla na nIonchúisitheoirí i mí Bealtaine 2011. Bhí buntáiste faoi leith ón dá imeacht sin maidir le deis a thabhairt do lucht foirne na hOifige agus dóibh siúd a mbíonn baint ach le hionchúiseamh coireanna ar an leibhéal náisiúnta teacht le chéile uair sa bhliain chun ceisteanna na linne agus cora nua i gcúrsaí dlí a phlé. Is bealach iad freisin atá thar a bheith éifeachtach chun oiliúint shainchóirithe den Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach a chur ar fáil do dhream ionchúisitheoirí níos líonmhaire.

**2.1.17** Tá barrthábhacht ag baint le ról na seirbhíse Leabharlannaíochta agus Taighde san Oifig maidir lena chinntiú go mbíonn eolas reatha ar chora nua i gcúrsaí dlí á chur ar fáil go tráthúil agus seirbhís taighde a chur ar fáil mar bhonn treise faoi obair na foirne dlí. Tá teacht ag an lucht foirne ag a mbord oibre féin ar na hacmhainní leabharlannaíochta leictreonaice ar fad, agus an cnuasach inmheánach de bhreitheanna scanáilte, de chiorcláin de chuid an Gharda Síochána, de chiorcláin inmheánacha, de cháipéisí taighde agus den chomhairle ó abhcóidí san áireamh. Ar an mbailiúchán d'imleabhair chruachóipe sa Leabharlann, tá téacsleabhair faoin dlí coiriúil, irisí, cóipeanna den reachtaíocht agus leaganacha cruachóipe d'ábhar eolais.

**2.1.18** Rinne foireann na Leabharlainne fónamh maidir le clár oiliúna inmheánach don lucht foirne i rith na bliana faoi acmhainní leictreonaice na leabharlainne a úsáid.

**2.1.19** Lean an tAonad Polasaí Ionchúisimh den obair i ndáil le treoirlínte polasaí a thabhairt chun cinn faoi cheisteanna dlí faoi leith. Beidh na treoirlínte ina n-acmhainn chuimhsitheach ag an bhfoireann gairme agus cuideoidh siad le cur chuige leanúnach buanseasmhach a chinntiú agus déileáil á dhéanamh le réimsí áirithe den dlí coiriúil.

**2.1.20** Thug an tAonad faoi roinnt tionscadal taighde inmheánach freisin chun críche faisnéis a chur ar fáil a bheadh ina lón eolais agus polasaithe agus nós imeachta inmheánach á leagan amach san Oifig san am atá romhainn. Díríodh i gcás na dtionscadal sin ar chásanna samplacha i rith tréimhse sé mhí lenar bhain íospartaigh linbh a d'fhulaing éigniú/ionsaí gnéis agus truailliú; cineál amháin de chásanna dúnorgana i rith tréimhse 10 mbliana; agus athbhreithniú ar na hiarratais ar fad le tamall anuas go ndéanfaí athbhreithniú ar an bpianbhreith a gearradh de bharr a bheith róthrócaireach gan chúis leis sin.

## CÚRSAÍ RIALACHAIS

**2.1.21** Ar cheann de na tosca trína gcuirtear bonn treise faoi iontaofacht an eolais a chuireann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar fáil, tá a oiread agus atá nósanna imeachta maidir le rialáil agus rialachas inmheánach tugtha chun cinn againn. Leagtar tábhacht mhór san Oifig ar Choiste Iniúchta a bheith ar bun, ar a bhfuil comhaltaí neamhspleácha, chun pleanáil agus maoirseacht a dhéanamh maidir leis an iniúchóireacht inmheánach.

**2.1.22** Bhí trí cinn de chruinnithe ag an gCoiste i rith na bliana 2011. Tugadh an obair ar thrí cinn de Thuarascálacha Iniúchóireachta chun críche i rith na bliana maidir le Tuairiscíocht ar Chúrsaí Airgeadais; Athbhreithniú ar na Córais don Rialáil Inmheánach; agus Seirbhísí Abhcóidí a Sholáthar. Anuas air sin, cuireadh dhá thuairisc faoi bhráid an Choiste Iniúchta faoin stádas reatha maidir le moltaí i dTuarascálacha Iniúchóireachta inmheánacha roimhe seo. Cuireadh na Tuarascálacha Iniúchóireachta ar fad chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, chomh maith leis an Tuarascáil Bhliantúil don Choiste Comhairle Bainistíochta a d'ullmhaigh an Coiste Iniúchta.

**2.1.23** Phléigh an Coiste Iniúchta an Bhainistíocht maidir le Riosca ag gach ceann de na cruinnithe chomh maith. Rinneadh na Cláir Riosca don Oifig a leasú i rith na bliana 2011.

**2.1.24** Chuir an Rialtas Comhlacht Forfheidhmithe ar bun i mí Iúil 2010 chun maoirseacht agus deimhniú a dhéanamh ar an dul chun cinn in eagraíochtaí san earnáil phoiblí maidir le forálacha Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí (ar a dtugtar chomh maith Comhaontú Pháirc an Chrócaigh) a chur i bhfeidhm. Chuir an Oifig dhá thuarascáil ar an dul chun cinn faoi bhráid an Chomhlachta Forfheidhmithe i rith na bliana 2011 inar leagadh amach an dul chun cinn a bhí déanta maidir leis na gealltúintí a thugtar i bPlean Gníomhaíochta na hOifige a thabhairt i gcrích. Bhí an dul chun cinn dírithe den chuid is mó ar chaomhchóiriú a oibriú ar na seirbhísí tríd an gcúram cinnte a tharmligean ar fud rannáin dlí na hOifige; ar ísliú ar na costais dlí trí pholasaí dian a chur i bhfeidhm ina leith; agus ar phróiseáil níos éifeachtaí ar íocaíochtaí trí chórais uathoibríocha a chur i bhfeidhm i ndáil le cúrsaí airgeadais. Tá cóipeanna de na tuairiscí ar an dul chun cinn ar fáil ar an láithreán gréasáin ag an Oifig ag www.dppireland.ie.

**2.1.25** Tháinig an dara Scéim Gaeilge de chuid Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i bhfeidhm i mí Aibreán 2010. Déanann Oifig an Choimisinéara Teanga maoirseacht ar an dul chun cinn maidir le maith a dhéanamh de na gealltúintí a leagtar amach sa Scéim. I mí Meán Fómhair 2011, chuir an Oifig tuarascáil ar an dul chun cinn faoi bhráid ar an gCoimisinéir Teanga sin a iarraidh, agus bhí cruinniú le hionadaí de chuid Oifig an Choimisinéara i mí na Samhna 2011. Seo a leanas sliocht as tuarascáil chríochnúil an Choimisinéara Teanga:

> *"Bunaithe ar an bhfianaise a cuireadh ar fáil dúinn le linn phróiseas na monatóireachta, táthar den tuairim go bhfuil dul chun cinn leanúnach sásúil á dhéanamh ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí maidir leis an dara scéim teanga a chur i bhfeidhm .....*
>
> *Tríd is tríd, is léir dúinn go ndéanann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí freastal don Ghaeilge i ngach cuid den obair, tríd an Scéim Teanga, agus molaimid iad as an dícheall leanúnach."*

## CAIDREAMH LE GNÍOMHAIREACHTAÍ EILE

**2.1.26** Tá Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar cheann de roinnt gníomhaireachtaí a oibríonn sa chóras dlí agus cirt coiriúil. Is den riachtanas maidir le hobair na hOifige go bhféachtar le feabhas a chur go seasta ar an gcaidreamh le grúpaí geallsealbhóirí faoi leith agus le tionscnaimh a chur chun cinn chun feabhas a chur ar thabhairt i gcrích na seirbhíse.

**2.1.27** Bíonn Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ag obair ó lá go lá le roinnt gníomhaireachtaí imscrúdúcháin óna gcuirtear comhaid imscrúdúcháin faoinár mbráid. Is ón nGarda Síochána a thagann mórchuid mhór na gcomhad sin faoi bhráid na hOifige. Bítear ag obair go dlúth dá bhrí sin leis an nGarda Síochána maidir le cora nua i gcúrsaí dlí. Chuir daoine d'fhoireann na hOifige oiliúint ar fáil i rith na bliana 2011 do dhaoine den Gharda Síochána maidir le réimse ábhar éagsúil, ina measc, Ullmhú Comhaid; an Nós Imeachta agus an Modh Oibre sa Chúirt Dúiche; Calaois; an tAcht um Fháltais ó Choiriúlacht; an tAcht um Cheartas Coiriúil 1994; Nochtadh Faisnéise; agus Fianaise Fhóiréinseach. Chomh maith leis sin, rinne an Garda Síochána cóir maidir le dhá chuairt oideachasúil i rith na bliana a thug daoine d'fhoireann Oifig an DPP ar Cheanncheathrú an Gharda agus ar an tSaotharlann Dlí-Eolaíochta.

**2.1.28** Ar mhaithe le seirbhís ionchúisimh níos éifeachtaí agus níos críochnúla a chinntiú, lean an tAonad Polasaí Ionchúisimh i mbun pléite i rith na bliana 2011 le roinnt gníomhaireachtaí éagsúla maidir le comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse a thabhairt chun cinn. Cuideoidh na comhaontuithe sin le caomhchóiriú a oibriú ar ábhar i ndáil le hionchúiseamh i gcionta coiriúla a chur faoi bhráid na hOifige chomh maith le díriú ar na dualgais maidir le nochtadh faisnéise a thagann i gceist le hionchúiseamh den sórt sin. Is iad na gníomhaireachtaí a bhaineann leis an tionscnamh seo an tÚdarás Sláinte agus

Sábháilteacht; na hAonaid Measúnachta Cliniciúla sna hOspidéil Leanaí i Sráid Temple agus i gCromghlinn; Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána; agus Ionad Tarrthála Iaréignithe Bhaile Átha Cliath.

**2.1.29** D'fhreastail an Oifig chomh maith do mhic léinn as ollscoileanna éagsúla de chuid na tíre seo faoin gClár Intéirneachta do Mhic Léinn agus faoi chláir eile, ina measc Scoil Samhraidh Ollscoil Tulsa agus Clár Socrúcháin Clinice Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Is é an tAonad Polasaí Ionchúisimh a dhéanann comhordú agus bainistíocht ar an gClár. Bhí seisear mac léinn ar fad a ghlac le socrúchán ar feadh tréimhsí éagsúla san Oifig i rith na bliana. Cuireann tionscnaimh den chineál seo taithí oibre fhiúntach den phraiticiúlacht ar fáil do na mic léinn chomh maith le cur ar chumas an Aonaid Polasaí cur le hacmhainn taighde an Aonaid.

**2.1.30** Bíonn páirt ag an Oifig freisin in oiliúint a chur ar aturnaetha faoi oiliúint. I rith na bliana 2011, chuir daoine d'fhoireann na hOifige seo 81 uair a chloig oiliúna ar fáil do mhic léinn dlí ag Dlí-Chumann na hÉireann ar ábhair éagsúla, ina measc, dlíthíocht choiriúil; abhcóideacht choiriúil; reachtaíocht faoi thrácht ar bhóithre; athbhreithniú breithiúnach; cionta indíotáilte; agus cúrsaí fianaise.

**2.1.31** Leanann an Oifig de pháirt a ghlacadh i ngrúpaí éagsúla idirghníomhaireachtaí agus de chion tairbhe a dhéanamh ar mhaithe leo; ina measc, an Coiste Comhairleach ar an Dlí Coiriúil, an Grúpa Comhairleach maidir le hAgallaimh ar Amhrastaigh; Grúpa Idirchaidrimh an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus an Gharda Síochána; an Grúpa Comhairleach maidir le Coireacht agus Staitisticí faoin gCóras Dlí agus Cirt Coiriúil; Grúpaí Úsáideoirí éagsúla maidir leis an tSeirbhís Chúirteanna; an Grúpa Comhairleach maidir leis an Tionscadal Idir-rialtais i ndáil le Cúnamh Taca d'Íospartaigh ó Choireacht; an Grúpa Stiúrtha maidir leis an Acht um Cheartas Coiriúil; an Grúpa Idirchaidrimh maidir le Seirbhísí d'Íospartaigh; an Grúpa Oibre chun ceisteanna éifeachtúlachta sa Chóras Dlí agus Cirt Coiriúil sna Cúirteanna a shonrú agus a thuairisciú; agus Grúpa Saineolaithe maidir le Forfheidhmiúchán Alt 13 an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine McFarlane.

**2.1.32** Lean an Oifig i rith na bliana 2011 de chion tairbhe a dhéanamh maidir le forbairt ar an dlí coiriúil ar an leibhéal idirnáisiúnta agus glacadh páirt i roinnt tionscnamh a raibh baint leo ag eagraíochtaí idirnáisiúnta. Leanadh chomh maith dar gcion den obair a dhéanamh maidir le comhlachtaí agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, ina measc EUROJUST; GRECO; OLAF; Eurojustice; Cumann Idirnáisiúnta na nIonchúisitheoirí; an Cumann Idirnáisiúnta maidir leis an Athchóiriú ar an Dlí Coiriúil; agus Cumann Idirnáisiúnta na nAbhcóidí.

**2.1.33** Bhí an t-iar-Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, James Hamilton Uasal, ag fónamh don dara bliain ina Uachtarán dó ar Chumann Idirnáisiúnta na nIonchúisitheoirí i rith na bliana 2011. Leanann a théarma oifige go dtí Meán Fómhair 2013. Bíonn fóram ar fáil don mhalartú eolais agus taithí idir ionchúisitheoirí ar fud an domhain tríd an gCumann.

## AN TSEIRBHÍS A MBÍONN SÚIL AG AN BPOBAL LÉI

**2.1.34** Ar cheann de na tionscnaimh is suntasaí maidir leis an méid a mbeadh súil ag an bpobal leis ón tseirbhís ionchúiseamh, tá a thabhairt isteach de pholasaí ag an Oifig sa bhliain 2008 go gcuirtear in iúl i gcásanna a mbaineann bás leo na cúiseanna le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh. Tháinig 12 iarratas ag an Oifig i rith na bliana 2011 ar chúiseanna a lua. Tugtar briseadh síos níos mine i gcaibidil 4.1 sa tuarascáil seo. Is athrú an polasaí nua seo ón ngnás a bhíodh i réim roimhe seo nuair a luaití na cúiseanna le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh leis na Gardaí amháin nó le imscrúdaitheoirí eile, ach nach luaití le muintir an té a fuair bás iad. Tá súil go bhféadann na cúiseanna a lua i gcásanna den sórt sin cuidiú le teaghlaigh an fáth nach bhféadfaí ionchúiseamh a dhéanamh a thuiscint.

**2.1.35** Tá réimse leathan eolais faoi obair na hOifige agus faoin gcóras dlí agus cirt coiriúil go ginearálta á chur ar áil i gcónaí ar láithreán gréasáin na hOifige d'íospartaigh ó choireacht, d'fhinnéithe agus don phobal i gcoitinne. Rinneadh forfheabhsú ar an láithreán gréasáin i rith na bliana 2009 gur tugadh isteach Treoir Ghairid maidir leis an gCóras Dlí agus Cirt Coiriúil atá furasta a úsáid agus roinn faoi leith den láithreán maidir le hÍospartaigh agus le Finnéithe. Tugadh 23,191 cuairt faoi leith ar an láithreán i rith na bliana 2011 - ardú 15% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Taobh amuigh den leathanach baile, is í an Treoir Ghairid maidir leis an gCóras Dlí agus Cirt Coiriúil an leathanach is mó a thugtar cuairt air ar an láithreán, agus tugadh 16,198 cuairt ar an leathanach i rith na bliana faoi chaibidil. Tá an roinn do na hÍospartaigh agus d'Fhinnéithe ar na deich gcinn de leathanaigh is minice a thugtar cuairt air chomh maith. Leanfaidh an Oifig den mhonatóireacht ar an léitheoireacht ionas gur féidir leanúint de sheirbhís eolais chomh cuimsitheach agus is féidir a chur ar fáil d'íospartaigh ó choireacht agus don phobal i gcoitinne.

**2.1.36** Leagtar amach i gCairt na nÍospartach a d'fhoilsigh Oifig na nÍospartach ó Choireacht sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta i mí Iúil 2010 an ceart agus an teideal atá ag íospartach ó choireacht ar sheirbhisí a chuireann gníomhaireachtaí éagsúla Stáit ar fáil, Oifig an DPP ina measc. Leagtar amach go soiléir sa Chairt an tseirbhís ar féidir le híospartaigh ó choireacht a bheith ag súil léi ón Oifig seo.

**2.1.37** Cuireann an Córas Bainistíochta maidir le Cásanna, Cáipéisí agus Comhaid roinnt den eolas ar fáil dúinn is gá chun cur ar ár gcumas monatóireacht a dhéanamh ar an obair chun na geallúintí a leagtar amach sa Chairt a thabhairt i gcrích. Tá athbhreithniú ar siúl, mar a luaitear thuas, ar an gcóras sin agus bíonn feabhas á chur air i gcónaí ionas gur fearr a oireann sé do riachtanais gnó na hOifige. Seo a leanas an fhaisnéis atá ar fáil faoi láthair i ndáil lena luaitear i gCairt na nÍospartach a chomhlíonadh:

- Ar an íospartach sin a iarraidh, rinneadh athbhreithniú uair ar bith a bhféadfaí sin, ar na cinntí a rinneadh i ndáil le cásanna ionchúisimh;
- Dhéileáil an Oifig le 12 iarratas i rith na bliana 2011 ó dhaoine muinteartha le híospartach ar na cúiseanna le cinntí a chur in iúl;
- Trí oiliúint tosaigh agus cláir meantóireachta, cinntíonn an Oifig go bhfuil gach duine den lucht foirne ar an eolas faoin dualgas atá orthu caitheamh le híospartaigh/finnéithe ar bhealach measúil agus aird a bheith acu ar a gcás pearsanta, a gcuid ceart agus a ndínit;
- Oibríonn lucht foirne Oifig an DPP go leanúnach leis na Gardaí chun cinntiú go gcoinnítear íospartaigh ó choireacht ar an eolas maidir lena gcás féin;
- Tairiscíodh cruinnithe réamhthrialacha idir íospartaigh agus an fhoireann ionchúisimh i ngach cás cuí maidir le cásanna sa Chúirt Chuarda Bhaile Áth Cliath agus sa Phríomh-Chúirt Choiriúil i rith 2011;
- Rinneadh iarratas ar athbhreithniú ar phianbhreith a measadh a bheith róthrócaireach gan chúis leis sin maidir le 55 cás i rith na bliana 2011.

**2.1.38** Foilsíodh an dara Scéim de chuid na hOifige i leith na Gaeilge i mí Aibreán 2010 agus tá sin ar fáil ar an láithreán gréasáin ag www.dppireland.ie. Cuirtear faoin scéim leis na geallúintí a leagadh amach sa dá scéim a chuaigh roimpi, arna bhfoilsiú de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Cuirtear gach ceann d'fhoilseacháin na hOifige ar fáil go dátheangach agus tá láithreán gréasáin na hOifige dátheangach go hiomlán chomh maith. Rinne an Oifig déileáil i rith na bliana 2011 le 10 gcinn de chásanna Ard-Chúirte agus le ceithre cinn de chásanna sa Chúirt Uachtarach i nGaeilge. Pléadh chomh maith le haon litir amháin agus le cúig cinn de theachtaireachtaí ríomhphoist i nGaeilge i rith na bliana. Níor tháinig aon ghlao teileafóin i rith na bliana ar ghá don lucht foirne ar an bPainéal Gaeilge inmheánach déileáil leo.

# 2.2 CAITEACHAS NA HOIFIGE

Tugtar briseadh síos i gCairt 2.2.1 ar chaiteachas na hoifige i rith na mblianta 2011, 2010 agus 2009.

**Tuarastail & Pá:** Is ionann seo agus an caiteachas ar thuarastail na ndaoine atá fostaithe san Oifig. B'ionann líon iomlán na foirne ar an 1 Eanáir 2011 agus 191.4.

**Costais Oifige:** An caiteachas ginearálta maidir le riarachán ar an oifig atá i gceist leis seo agus tugtar san áireamh costas ceannacháin agus cothabhála maidir le trealamh oifige, soláthairtí oifige, costas leabharlannaíochta, costas cothabhála maidir le háitribh oifige, costas taistil agus caiteachas teagmhasach eile.

**Seirbhís na nAturnaetha Stáit:** Is é a bhaineann leis seo tuarastail agus costais a íoc le 32 Aturnae Stáit atá i mbun cleachtais ar bhonn príobháideach agus atá ar conradh ag an Oifig seo maidir le hionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Stiúrthóra i gcúirteanna taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath.

**Táillí Abhcóide:** Táillí iad seo a íoctar le habhcóidí a dhéanann cásanna a ionchúiseamh thar ceann an Stiúrthóra sna cúirteanna coiriúla éagsúla. Is de réir pharaiméadair atá leagtha síos ag an Aire Airgeadais a shocraítear na táillí.

**Costais Ghinearálta Dlí:** Is é atá i gceist leis seo íocaíochtaí i ndáil le costais dlíthiúla a ndéanann na cúirteanna iad a dhámhachtain i gcás athbhreithnithe breithiúnacha agus iarratais eile a bhaineann le himeachtaí dlí in aghaidh an Stiúrthóra.

## CAIRT 2.2.1: CAITEACHAS OIFIGE

| | 2011 € | % | 2010 € | % | 2009 € | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Tuarastail, Pá & Liúntais | 12,357,035 | 34% | 12,082,779 | 29% | 13,685,992 | 31% |
| Costais Oifige | 1,994,473 | 5% | 2,085,318 | 5% | 2,158,818 | 5% |
| Seirbhís na nAturnaetha Stáit | 6,302,448 | 17% | 6,321,857 | 15% | 6,368,245 | 14% |
| Táillí Abhcóide | 13,501,066 | 37% | 14,734,046 | 36% | 15,283,338 | 34% |
| Costais Ghinearálta Dlí | 2,622,289 | 7% | 6,078,790 | 15% | 7,289,469 | 16% |
| **IOMLÁN** | **36,777,311** | | **41,302,790** | | **44,785,862** | |



Léirítear i gCairteanna 2.2.2 & 2.323 briseadh síos ar an gcaiteachas i ndáil le táillí abhcóide sna cúirteanna coiriúla éagsúla agus briseadh síos de réir an réigiúin i ndáil leis an gCúirt Chuarda Choiriúil.

Tugtar san áireamh leis na táillí a íocadh le habhcóidí sa Chúirt Chuarda Choiriúil, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sa Chúirt Choiriúil Speisialta, táillí i ndáil le comhairle maidir le cruthúnas, leis an dréachtadh maidir le díotáil, le comhairliúchán, le díotchúiseamh, le cás a chur i láthair agus le hócáidí eile ar ghá theacht i láthair e.g. pianbhreith a fhógairt.

Táillí i ndáil le hiarratais ar bhannaí agus leis an obair ullmhúcháin agus le héisteachtaí maidir le hathbhreithniú breithiúnach is mó a bhaineann leis an gcaiteachas ar tháillí maidir leis an Ard-Chúirt.

## CAIRT 2.2.2: TÁILLÍ ABHCÓIDE A ÍOCADH ARNA LUA DE RÉIR NA CÚIRTE

| | 2011 | % | 2010 | % | 2009 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | € | | € | | € | |
| An Chúirt Chuarda | 7,440,212 | 55% | 7,596,660 | 52% | 9,109,899 | 60% |
| An Phríomh-Chúirt Choiriúil | 3,614,669 | 27% | 4,338,447 | 29% | 3,843,990 | 25% |
| An Ard-Chúirt | 1,389,815 | 10% | 1,542,024 | 10% | 1,303,317 | 9% |
| An Chúirt Uachtarach | 124,711 | 1% | 362,573 | 2% | 208,140 | 1% |
| An Chúirt Achomhairc Choiriúil | 695,512 | 5% | 518,596 | 4% | 532,581 | 3% |
| An Chúirt Choiriúil Speisialta | 228,126 | 2% | 341,533 | 2% | 276,530 | 2% |
| An Chúirt Dúiche | 8,021 | 0% | 34,213 | 0% | 8,881 | 0% |
| **IOMLÁN** | **13,501,066** | | **14,734,046** | | **15,283,338** | |



## CAIRT 2.2.3: TÁILLÍ ABHCÓIDE A ÍOCADH ARNA LUA DE RÉIR NA CUARDA

| | 2011 € | % | 2010 € | % | 2009 € | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Cuaird Bhaile Átha Cliath | 4,012,452 | 54% | 4,202,177 | 55% | 4,824,375 | 53% |
| Cuaird Chorcaí | 638,650 | 9% | 692,302 | 9% | 1,113,821 | 12% |
| Cuaird an Oirthir | 607,674 | 8% | 539,473 | 7% | 661,256 | 7% |
| Cuaird Lár Tíre | 244,022 | 3% | 346,800 | 5% | 328,395 | 4% |
| Cuaird an Oirdheiscirt | 767,844 | 10% | 603,052 | 8% | 738,698 | 8% |
| Cuaird an Iardheiscirt | 675,173 | 9% | 630,816 | 8% | 795,015 | 9% |
| Cuaird an Iarthair | 257,192 | 3% | 305,835 | 4% | 305,913 | 3% |
| Cuaird an Tuaiscirt | 237,205 | 3% | 276,205 | 4% | 342,426 | 4% |
| **IOMLÁN** | **7,440,212** | | **7,596,660** | | **9,109,899** | |



# 2.3 SLIOCHT AS AN GCUNTAS LEITHREASA 2010

Cuntas ar an tsuim a caitheadh i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2010, arna cur i gcomórtas leis an tsuim a deonaíodh, agus ar an tsuim sa bhreis air sin is féidir a chur i leith leithreasaí i gcabhair, i ndáil le tuarastail agus costais Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

| Seirbhís | | 2010 Estimate Provision €'000 | 2010 Toradh €'000 | 2009 Toradh €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **RIARACHÁN** | | | | |
| **A.1.** | Tuarastail, Pá agus Liúntais | 13,257 | 12,928 | 13,686 |
| **A.2.** | Taisteal agus Cothabháil | 145 | 97 | 90 |
| **A.3.** | Costais Theagmhasacha | 1,185 | 937 | 1,041 |
| **A.4.** | Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide | 320 | 270 | 343 |
| **A.5.** | Fearas Oifige & Trealamh eile Oifige | 996 | 494 | 1,012 |
| **A.6.** | & Costais eile a Ghabhann leo sin | 630 | 523 | 574 |
| **A.7.** | Caiteachas maidir le hÁitreabh Oifige | 5 | - | - |
| **A.8.** | Athbhreithniú maidir le Luach an Airgid & le Polasaithe | | | |
| **B.** | Táillí Abhcóide | 14,342 | 14,734 | 15,283 |
| **C.** | Costais Ghinearálta Dlí | 7,000 | 6,079 | 7,290 |
| **D.** | Seirbhís na nAturnaetha Stáit Áitiúla | 5,974 | 6,322 | 6,368 |
| | **Ollchaiteachas** | **43,854** | **42,384** | **45,687** |
| | *Lúide -* | | | |
| **E.** | Leithreasaithe-i-gCabhair | 614 | 1,031 | 901 |
| | **Glaniomlan** | **43,240** | **41,353** | **44,786** |
| | AN BARRACHAS ATÁ LE GÉILLEADH | | **€1,887,211** | **€335,138** |

# 2.4 AN TACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

## Na Rialacháin maidir le hÍocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála 2002

### FEIDHMIÚ AN ACHTA I RITH NA TRÉIMHSE ÓN 1 EANÁIR 2011 GO DTÍ AN 31 NOLLAIG 2011

**2.4.1** Déanann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí íocaíochtaí le soláthraithe tar éis na hearraí nó na seirbhísí a bhíonn i gceist a chur ar fáil go sásúil agus tráth nach déanaí ná 30 lá ón am a gcuireann an soláthraí sonrasc faoi bhráid. Maidir le táillí abhcóidí, cé nach gcruthaítear sonraisc, tá de nós ag an Oifig táillí abhcóide a íoc tráth nach déanaí ná 30 lá ó thagann foirm tuairisce cáis i ndáil le haon chás ar bith.

**2.4.2** I rith na tréimhse faoi chaibidil, bhí an Oifig mall le haon íocaíocht amháin dar luach breis agus €317.50 a dhéanamh. Ba é luach iomlán na n-íocaíochtaí seo ná €1,866. B'ionann luach iomlán na n-íocaíochtaí déanacha i rith na bliana ar fad agus €1,866 as luach iomlán íocaíochtaí iomlána de €2.232 milliún agus b'ionann an t-ús ina leith sin agus €15.42.

### RÁITEAS AN OIFIGIGH CHUNTASAÍOCHTA

**2.4.3** Tá Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ar cheann de na heagraíochtaí sin a thagann faoi réir théarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus na Rialachán maidir le hÍocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála 2002. Tháinig an tAcht i bhfeidhm ar an 2 Eanáir 1998 agus chloígh an Oifig le téarmaí an Achta ón am sin i leith.

**2.4.4** Cuirtear stampa ar an bhfuil dáta an lae sin le gach sonrasc an tráth a dtagann sé. Ceadaítear na sonraisc agus cuirtear ar aghaidh iad lena n-íoc in am tráth ionas go gcinntítear go ndéantar an íocaíocht le linn na tréimhse iomchuí. Nuair a bhíonn na sonraisc á n-íoc déantar an dáta ar tháinig siad isteach agus an dáta íocaíochta a chur i gcomparáid le chéile agus sa chás go bhfuil an teorainn ama iomchuí á sárú, cruthaítear íocaíocht úis leis an mbeart céanna. Sna cásanna sin ina mbíonn íocaíocht úis dlite, tugtar an t-ábhar sin ar aird an lucht bainistíochta ionas gur féidir aon bheart ceartúcháin is gá a dhéanamh.

**2.4.5** Dearbhú réasúnach amháin, agus ní dearbhú glan iomlán, in aghaidh neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta is féidir a chur ar fáil leis na nósanna imeachta atá curtha ar bun.

**Barry Donoghue**
An tOifigeach Cuntasaíochta
Lúnasa 2012

# 2.5 PRÍOMHTHORTHAÍ OIBRE

**2.5.1** Is í bunfheidhm an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí stiúradh agus maoirsiú a dhéanamh i ndáil le hionchúiseamh poiblí agus nithe gaolmhara maidir le cúrsaí coiriúla. Is ón nGarda Síochána, an phríomhghníomhaireacht imscrúdúcháin náisiúnta, a thagann formhór na gcásanna lena n-déileálann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Cuireann gníomhaireachtaí imscrúdúcháin speisialta eile roinnt cásanna faoi bhráid na hOifige freisin, na Coimisinéirí Ioncaim, Ranna Rialtais, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an tÚdarás Iomaíochta, Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus na húdaráis áitiúla san áireamh.

**2.5.2** Is é sprioc ardleibhéil atá ag an Oifig seirbhís ionchúisimh atá neamhspleách, cóir agus éifeachtach a chur ar fáil thar ceann mhuintir na hÉireann. Ní mór don Oifig, d'fhonn sin a thabhairt i gcrích, cinntiú go ndéantar déileáil le comhaid maidir le himscrúdú coiriúil a chuirtear faoi bhráid na hOifige go tráthúil ag teacht leis na Treoirlínte d'Ionchúisitheoirí de réir mar atá siad foilsithe.

**2.5.3** Sa bhliain 2011 rinneadh athleagan amach ar na Meastacháin maidir le roinnt Vótaí ar bhonn an Chláir Straitéisigh ionas gur tugadh san áireamh faisnéis áirithe maidir leis an bhfeidhmíocht i ndáil leis an toradh ar chaiteachas an Chláir agus an tionchar uaidh. Ba é cuspóir a bhí leis an leagan amach nua go leagfaí freagracht ar eagraíochtaí na hearnála poiblí maidir leis an leithroinnt beartaithe ar chistí poiblí agus an úsáid éifeachtúil astu.

**2.5.4** Chuir Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí an Buiséadú Feidhmíochta sin i bhfeidhm agus Meastacháin 2011-2012 á n-ullmhú. Leagtar amach i gCairt 2.5.1 agus i gCairt 2.5.2 thall na príomhthorthaí oibre don Oifig chomh maith leis an gcomhthéacs agus na táscairí tionchair.

**NOTÁ:** Baineann na staitisticí a luaitear sna cairteanna leis an obair a rinneadh ar chomhaid ionchúisimh agus imeachtaí dlí i rith na mblianta a shonraítear cibé an i rith na bliana a luaitear a tháinig na comhaid faoi bhráid nó i rith bhliain roimhe sin. Ní féidir, ar an gcúis sin, comparáid dhíreach a dhéanamh idir na staitisticí sin agus na staitisticí a luaitear i gCuid 4 den tuarascáil seo a dhéantar a thiomsú ar bhonn na bliana ar cuireadh an comhad faoi bhráid na hOifige.

## CAIRT 2.5.1: PRÍOMHTHORTHAÍ OIBRE

| Príomhthorthaí oibre | 2011 Toradh na hOibre | 2012 Spriocthoradh |
|---|---|---|
| *Beartaíocht Seirbhíse Poiblí:*<br><br>Treoracha a eisiúint i ndáil le hamhrastaigh a luaitear sna comhaid a chuireann gníomhaireachtaí imscrúdúcháin faoi bhráid | Eisíodh Treoir i ndáil le 14,014 amhrastach | Treoracha a eisiúint i ndáil le 13,500 - 14,000 amhrastach |
| Déileáil le himeachtaí cúirte ar díotáil a eascraíonn as treoir ionchúisimh | Déileáladh le 3,862 imeacht nua cúirte in aghaidh amhrastach chomh maith leis na hionchúisimh a rabhthas ag plé leo ó bhlianta roimhe seo | Deal with 3,500 - 4,000 new court proceedings against suspects together with ongoing prosecutions |
| Déileáil go díreach le comhaid ionchúisimh maidir leis an gCúirt Dhúiche i mBaile Átha Cliath | Déileáladh le 1,824 comhad | Déileáil le 1,500 - 2,000 comhad |
| Déileáil le cásanna achomhairc maidir leis an gCúirt Dúiche, ina measc achomharc i gcásanna arna n-ionchúiseamh ag an nGarda Síochána faoi údarás tarmligthe | Déileáladh le 2,307 comhad achomhairc | Déileáil le 2,000 - 2,500 comhad achomhairc |
| Déileáil le hiarratais ar Bhannaí san Ard-Chúirt agus le cásanna faoi Athbhreithniú Breithiúnach | Déileáladh le 2,546 iarratas ar Bhannaí agus le 264 cás maidir le hAthbhreithniú Breithiúnach | Déileáil le tuairim is 2,500 iarratas ar Bhannaí agus le 250 - 300 cás nua maidir le hAthbhreithniú Breithiúnach |

## CAIRT 2.5.2: COMHTHÉACS & TÁSCAIRÍ TIONCHAIR

| Comhthéacs & Táscairí Tionchair | 2009 | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Líon na foirne ag deireadh na bliana | 195.9 | 194.4 | 195.5 |
| Meántréimhse in aghaidh an amhrastaigh sular eisíodh treoracha (ó tháinig comhad ionchúisimh faoi bhráid) | 2 seachtaine - 42% | 2 seachtaine - 44%<br>4 seachtaine - 61%<br>3 mhí - 84% | 2 seachtaine - 44%<br>4 seachtaine - 61%<br>3 mhí - 85% |
| 4 seachtaine - 62% | €15.283 milliún<br>(+ 11%) | €14.734 milliún<br>(- 4%) | €13.501 milliún<br>(- 8%) |
| 3 mhí - 84% | 2 seachtaine - 44% | €6.079 milliún<br>(- 17%) | €2.622m<br>(- 57%) |

# 2.6 SAORÁIL FAISNÉISE

**2.6.1** Foráiltear le halt 46(1)(b) den Acht um Shaoráil Faisnéise (SF), 1997 ceart deis a fháil ar thaifid a bhaineann le riarachán ginearálta na hOifige agus leis sin amháin. Fágann sin nach bhfuil teacht ar thaifid a bhaineann le comhaid ionchúisimh choiriúil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

**2.62** Leanann an Oifig d'eolas SF a chur ar fáil chomh héasca agus is féidir. Tá an Leabhar Tagartha faoi alt 15 agus alt 16 ar fáil ar láithreán gréasáin na hOifige ag www.dppireland.ie. Tugtar cuntas ar ghnó na hOifige san fhoilseachán sin agus leagtar amach cineálacha na dtaifead a choimeádtar.

**2.6.3** Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Aonad um Shaoráil Faisnéise ar an teileafón 01 858 8500.

**2.6.4** Aon iarratas déag a cuireadh faoi bhráid na hOifige i rith na bliana 2011. Diúltaíodh faoin Acht taifid a scaoileadh i ndáil le cúig iarratas agus bhí dhá iarratas a tarraingíodh siar nó ar déileáladh leo taobh amuigh den chóras SF. Aontaíodh an fhaisnéis a ghéilleadh nó a ghéilleadh i bpáirt i gcás ceithre cinn de na hiarratais. Ba í an chúis a bhí le diúltú faisnéis a ghéilleadh nach le riarachán ginearálta na hOifige a bhain na taifid a bhíothas a iarraidh.

**2.6.5** Iriseoirí a chuir isteach ceithre cinn de na hiarratais, tháinig ceann amháin ó dhuine den fhoireann agus ceann amháin ó ghnólacht / ó ghrúpa sainleasa agus ó dhaoine den phobal a tháinig cúig cinn. Bhain sé cinn den aon iarratas déag a tháinig isteach (i bpáirt nó go hiomlán) le comhaid choiriúla.

**2.6.6** As cúig chás diúltaithe, ní raibh ach aon chás amháin inar iarr an t-iarratasóir athbhreithniú inmheánach ar an gcéad chinneadh. Sa chás sin, seasadh leis an gcéad chinneadh. Ní raibh iarratas ar bith a ndearnadh achomharc ina leith leis an gCoimisinéir Faisnéise.

| Iarratas a Fuarthas 2011 | |
|---|---|
| Diúltaithe faoi alt 46(1)(b) | 5 |
| Tarraingthe siar / déileáilte leo lasmuigh den tSaoráil Faisnéise | 2 |
| Aontaíodh go hIomlán / i bPáirt | 4 |
| **IOMLÁN NA N-IARRATAS** | **11** |

| Lucht Iarratais 2011 | |
|---|---|
| Iriseoirí | 4 |
| Daoine den Phobal | 5 |
| Lucht Foirne | 1 |
| Gnólacht/Grúpa Sainleasa | 1 |

| Cásanna Athbhreithnithe 2011 | |
|---|---|
| Iarrataí ar Athbhreithniú Inmheánach | 1 |
| Iarratas ar Athbhreithniú leis an gCoimisinéir Faisnéise | 0 |

# 2.7 TUARASCÁIL BHLIANTÚIL MAIDIR LE HÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH 2011

## LÉARGAS GINEARÁLTA AR AN ÚSÁID FUINNIMH SA BHLIAIN 2011

2.7.1 I rith na bliana 2011, d'ídigh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí 1,567.55 MWh fuinnimh. Is ionann sin agus laghdú iomlán beagnach 20% i gcomparáid leis an ídiú ar fhuinneamh sa bhliain 2010. (18.6% de 1,927.30 MWh an céatadán iarbhír maidir leis an laghdú). Baineann an fuinneamh a ídíodh le spás a théamh, aerchóiriúchán, soilsiú, uisce te, córais ríomhaireachta agus trealamh oifige eile ag ár bhfoirgnimh oifigí ag Sráid Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2 agus Sráid an Rí Thuaidh, Baile Átha Cliath 7.

Is mar seo a leanas a dhéantar an figiúr sin a ríomh:

- 921.48 MWh ó Leictreachas
- 646.07 MWh ó Ghás Nádúrtha

## BEARTA A RINNEADH I RITH NA BLIANA 2011

2.7.2 Lean an Oifig i rith na bliana 2011, d'oibriú go dlúth le conraitheoirí cothabhála agus comhairleoirí seachtracha arna gceapadh ag Oifig na nOibreacha Poiblí d'fhonn cuidiú le feabhas a chur ar éifeachtúlacht an dá áras atá faoin Oifig ó thaobh fuinnimh de. I measc na mbeart a rinneadh i rith na bliana 2011, bhí siad seo a leanas:

- Rinneadh coigeartú i ndáil leis an gCóras Bainistíochta Foirgnimh (BMS) i dtús na bliana d'fhonn na laethanta saoire oifigiúla i rith na bliana a thabhairt san áireamh ionas gur cinntíodh nach raibh an córas teasa ná aeraithe ag obair na laethanta sin.
- Leanadh den fheachtas eolais ar cuireadh tús leis sa bhliain 2010 le feachtas póstaeir ag díriú aird na foirne ar réimse bealaí éagsúla chun laghdú ar an úsáid fuinnimh san oifig agus sa bhaile acu féin.
- Tugadh an obair forfheabhsúcháin ar an gcóras coire san oifig i Sráid Mhuirfean chun críche. Tá an córas coire nua níos éifeachtúla rud a fhágann gur lú fuinnimh a ídítear agus go sábháiltear airgead dá bharr sin.
- Rinne beirt den fhoireann bainistíochta saoráidí Cúrsa Dioplóma trí lá i mBainistíocht Fuinnimh faoi stiúir SEAI. Tá ar chumas an lucht foirne sin na scileanna a foghlaimíodh tríd an gcúrsa a chur chun fónaimh d'fhonn ísliú ar an úsáid fuinnimh a thabhairt i gcrích, ísliú ar astaíocht carbóin agus ísliú ar chostas.
- Tosaíodh ar an athrú go dtí bolgáin solais is éifeachtúla ó thaobh fuinnimh sa bhliain 2011 agus beifear ag leanúint den tionscnamh sin.
- Tugadh an obair chothabhála rialta ar an gcóras HVAC chun críche de réir an sceidil ionas gur cinntíodh an éifeachtúlacht is mó is féidir as an gcóras.

## BEARTA ATÁ LEAGTHA AMACH DON BHLIAIN 2012

2.7.3 Ar na bearta atá leagtha amach a dhéanamh i rith na bliana 2012, tá siad seo a leanas:

- Gach téitheoir uisce a bheith faoi rialú le hamadóirí nó ceangailte leis an BMS ionas go gcinntítear nach mbíonn siad in úsáid ach ar feadh na tréimhsí is giorra is gá.
- Leanúint leis an bhfeachtas feasachta don lucht foirne trí chomharthaí agus póstaeir.
- Seisiúin Eolais le comhairleoir arna cheapadh ag Oifig na nOibreacha Poiblí a chur ar fáil maidir le Feasacht Fuinnimh do gach duine den fhoireann.
- Beidh na coirí gáis sa bhfoirgneamh ar Shráid an Rí Thuaidh á múchadh ar feadh shéasúr an tsamhraidh.
- Scrúdú ar an úsáid leictreachais i rith na hoíche i gcomhairle le hAonad TF na hOifige.

# CUID 3:

## CORA NUA I GCÚRSAÍ DLÍ

# 3.1 CORA NUA I GCÚRSAÍ DLÍ 2011

## RÉAMHRÁ

3.1.1 Is é cuspóir atá leis an gcaibidil seo athbhreithniú gairid a chur i láthair faoi na breitheanna is mó tábhachta nó is mó díol spéise i réimse an dlí choiriúil i rith na bliana 2011. Ar aon dul leis na blianta roimhe seo, roghnaítear na cásanna sa chaoi is go dtugtar blas ar chineál na saincheisteanna dlí a thagann chun cinn i réimse an dlí choiriúil. Níl sé i gceist go ndéanfaí athbhreithniú cuimsitheach sa chaibidil seo ar gach cor dar tháinig chun cinn i ndáil leis an dlí coiriúil i rith na bliana. Is iad na réimsí den dlí a roghnaíodh maidir le breitheanna samplacha, cásanna maidir le hathbhreithniú breithiúnach, maidir leis an gcúirt achomhairc choiriúil, maidir le tiomáint ar meisce, maidir le hiarratais faoi *habeas corpus* agus cúrsaí bannaí.

## CÁSANNA FAOI ATHBHREITHNIÚ BREITHIÚNACH

### CRITÉIR MAIDIR LE CÚNAMH DLÍ A CHEADÚ

**3.1.2** Sa chás *David Joyce v. An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí* [2011] IESC 36 cúisíodh an t-achomharcóir sa Chúirt Dúiche in €287 a ghoid as ollmhargadh. Níor ciontaíodh i gcion eile roimhe sin é. Agus iarratas ar chúnamh dlí á mheas, tháinig Breitheamh na Cúirte Dúiche ar an gcomhairle nach raibh an t-achomharcóir “i mbaol” pianbhreith coinneála dá gciontófaí é agus dhiúltaigh an Breitheamh cúnamh dlí a cheadú dó. Socraíodh san Ard-Chúirt an cinneadh nach gceadófaí cúnamh dlí a chur ar neamhní. Rinneadh achomharc maidir leis an gcinneadh sa Chúirt Uachtarach. Ba é breith na Cúirte nach raibh an cheist cibé an raibh nó nach raibh an cúisí “*i mbaol*” pianbhreith coinneála a ghearradh air ar an t-aon chritéir amháin ar a socrófaí ar cheart cúnamh dlí a cheadú don chúisí. Is í an cheist i ngach cás an mbeadh an cúisí a chur ar a thriail gan ionadaíocht dlí ina triail chóir. Fiú amháin sa chás nach mbeadh an cúisí i mbaol pianbhreith príosúnachta a ghearradh air, ba cheart don chúirt a thabhairt faoi mheas cibé an bhfágann (a) castacht fíorais nó dlí an cháis; (b) a dtiocfadh de thoradh ciontaithe don chúisí; nó (c) toisc ar bith eile maidir leis an gcás, gur cheart cúnamh dlí a cheadú ionas go gcinnteofaí triail chóir.

### DLÍNSE NA HARD-CHÚIRTE MAIDIR LE COSTAIS A MHEAS

**3.1.3** Sa chás *Patrick Taaffe v. An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus Daoine Eile* [2011] IESC 408 bhain an cheist a bhí le soiléiriú le dlínse na hArd-Chúirte i ndáil le costais a mheas. Bhí féachta ag an iarratasóir le heisiúint bharántais binse a chur ar neamhní, barántas gabhála nuair a theip air theacht os comhair na Cúirte Dúiche i ndáil le cúis maidir leis an ord poiblí. Ní raibh na freagróirí ag cur in aghaidh an iarratais agus bhain an t-aon cheist a bhí le réiteach le leibhéal na gcostas a bheadh le híoc leis an iarratasóir. D’áitigh an t-iarratasóir nach raibh de dhlínse ag an Ard-Chúirt costais a mheas in éagmais aontú chuige sin ach amháin trína gceangal le sciar de shuim fhómhasta. D’áitigh na freagróirí go raibh sin de dhlínse ag an gCúirt agus gurbh fhéidir a fheidhmiú go cuí i gcásanna den chineál seo, ar bhealach lena seachnófaí míchaoithiúlacht bhreise agus costas sa bhreis ar an Stát agus ar lucht íoctha cánach. Ba é breith na hArd-Chúirte go

raibh de dhlínse aici costais a mheas maidir le himeachtaí neamhchonspóide i ndáil le cúrsaí *habeas corpus* nó le hathbhreithniú breithiúnach, sa chás, tar éis a chead sin a ligean leo, go dtugann na freagróirí in aon chás faoi leith le fios nach ndéanfar aon agóid in aghaidh ordú *habeas corpus* a dhéanamh nó a chur ar neamhní trí certiorari i ndáil le hordú éigin de chuid na Cúirte Dúiche nó na Cúirte Cuarda. Eascraíonn dlínse na Cúirte i ndáil le costais a mheas ó Ordú 99(5)(2)(a) i Rialacha na nUaschúirteanna.

## AN CION MAIDIR LE FIOS COLLAÍ NEAMHDHLEATHACH IN AGHAIDH AN BHUNREACHTA

3.1.4 Sa chás *ZS v. An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí* [2011] IESC 49, rialaigh an Chúirt Uachtarach nach raibh an cion maidir le fios collaí neamhdhleathach le bean nach raibh 17 bliana slánaithe aici ag teacht leis an mBunreacht. Cruthaíodh an cion sin le halt 2(1) in Acht Leasaithe an Dlí Choiriúil 1935. Tugadh de bhreith go raibh an t-alt in aghaidh an bhunreachta mar gheall ar fhíoras gur cion diandliteanais a bhí ann lenar séanadh ar an gcúisí cosaint a dhéanamh maidir le botún réasúnach i ndáil le haois an íospartaigh. Tugadh de bhreith go raibh alt in Acht Leasaithe an Dlí Choiriúil 1935 a bhain le cailíní faoi aois cúig bhliana déag in aghaidh an bhunreachta ar an gcúis chéanna sa chás *CC v. Éire* [2006] IESC 33 roimhe seo.

## ALT 12 AN ACHTA IMIRCE 2004 IN AGHAIDH AN BHUNREACHTA

3.1.5 Sa chás *Ebere Dokie v. An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí* [2011] IR 110 rialaigh an Ard-Chúirt nach raibh alt 12 den Acht Imirce 2004 ag teacht leis an mBunreacht. Dhéanfaí an cion a cruthaíodh le halt 12 sa chás go dteipfeadh ar neamhnáisiúnach cáipéisí aitheantais cuí a chur ar fáil ar na húdaráis sin a iarraidh. Tháinig an t-iarratasóir i dtír as an Nigéir ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus iarradh uirthi a cuid cáipéisí aitheantais a chur i láthair. Nuair a theip uirthi sin a dhéanamh gabhadh í agus cúisíodh í i gcion in aghaidh alt 12 an Achta Imirce 2004. Líomhnaíodh sa chúis gur theip uirthise, neamhnáisiúnach, pas bailí nó doiciméid dá chomhionann trína ndeimhneofaí aitheantas agus náisiúntacht a chur ar fáil ar sin a iarraidh ag oifigeach inimirce nó ag Garda. Líomhnaíodh sa chúis freisin gur theip uirthi *míniú sásúil* a thabhairt ar na cúinsí a d'fhág nach bhféadfadh sí sin a dhéanamh. D'iarr an t-iarratasóir dearbhú ón Ard-Chúirt nach raibh an cion ag teacht leis an mbunreacht ar fhoras an fhoclaíocht lenar airbheartaíodh an cion coiriúil a chruthú a bheith ró-dhoiléir agus neamhbheacht agus go raibh sé chomh maith leis sin ina shárú ar an bprionsabal nach bhfuil dlite ar dhuine ionchoiriú a dhéanamh orthu féin. D'aontaigh an Ard-Chúirt leis an áiteamh agus rinne an t-alt a scrios. Ba é breith na Cúirte nach mór é bheith ar chumas duine a fháil amach cad é an t-iompar a bhfuil toirmeasc air sular féidir an duine bheith faoi réir an dlí coiriúil. D'fhág teip sainmhíniú a thabhairt ar an téarma *míniú sásúil* sa reachtaíocht doiléire agus éiginnteacht ina leith.

NÓTA: Cuireadh alt 11 agus alt 12 nua isteach san Acht Imirce 2004 le alt 34 an Achta um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011.

## DIÚLTAÍODH IARRATAS AR ATHBHREITHNIÚ BREITHIÚNACH D'FHONN COSC A CHUR AR AN GCEATHRÚ TRIAIL

3.1.6 Sa chás *AP v. An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí* [2011] IESC 2 cúisíodh an t-amharcóir in ionsaithe mígheanasacha a dhéanamh a líomhnaíodh a rinneadh i lár na 1970idí. Phléadáil sé neamhchiontach agus cuireadh ar a thriail é. Cuireadh tús le triail trí huaire éagsúla, ach gach uair acu sin d'aontaigh breitheamh na trialach le hiarratas ó abhcóide an amharcóra an giúiré a scaoileadh saor ón gcúram mar gheall go raibh fianaise cloiste ó fhinné ag an ngiúiré a measadh a bheith neamh-inghlactha agus dochrach don amharcóir. Ar an gcás a liostáil le haghaidh trialach den ceathrú uair, rinne an t-amharcóir iarratas san Ard-Chúirt maidir le hordú toirmisc maidir lena chur ar a thriail. Bhí cúngaithe aige ar fhoras an athbhreithnithe breithiúnaigh arna áiteamh go mb'ionann an ceathrú triail *per se* agus mí-úsáid próisis agus sárú ar an gceart a bhí aige ar a thriail

go cóir. Dhiúltaigh an Ard-Chúirt agus an Chúirt Uachtarach araon an t-iarratas ar athbhreithniú breithiúnach. Ba é breith na Cúirte Uachtaraí nárbh ann d'aon riail faoin dlí trína gcuirtear teorainn leis an líon atrialacha is féidir tarlú. Ba ghá gach cás a mheas de réir fhíorais an cháis sin féin chun socrú cibé an mbeadh ionchúiseamh eile arís de réir an bhunreachta. Níl cosc ar an ceathrú triail *per se*. Agus cás á mheas chun socrú cibé an mbeadh nó nach mbeadh atriail de réir an bhunreachta, is iad na tosca is mó ba cheart don chúirt a thabhairt faoi mheas, cé chomh tromchúiseach agus atá na cionta, ar tharla aon mhoill ó thaobh an ionchúisimh a chuaigh chun dochair don chúisí, an fhad ó tosaíodh ag plé leis an gcás sa chóras dlí agus ceisteanna struis agus imní.

## IS FÉIDIR FOSTAITHE CUIDEACHTA A IONCHÚISEAMH MAR GHEALL AR PHRAGHAS-SOCRÚ FIÚ SA CHÁS NÁR CÚISÍODH NÁ NÁR CIONTAÍODH AN CHUIDEACHTA

3.1.7 Sa chás *An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Pat Hegarty* [2011] IESC 32, bhí an cúisí ina bhainisteoir ar chuideachta ola. Cúisíodh é mar gheall ar chomhaontú a cheangal thar ceann na cuideachta go ndéanfaí, le cuideachtaí eile ola, praghas ola gháis a shocrú. Níor cúisíodh ná níor ciontaíodh go dtí sin an chuideachta i ndáil le ról sa chaitéal praghas-socraithe. D'áitigh an cúisí gur ghá an chuideachta a bheith ciontaithe sa chion sula bhféadfaí eisean a chiontú. Dhiúltaigh breitheamh na trialach don áiteamh sin agus d'aontaigh an cás a chur faoi bhráid na Cúirte Uachtaraí mar chás sonraithe. Ba é breith na Cúirte Uachtaraí gurbh é brí dáiríre a bhí le halt 3(4) an Achta Iomaíochta 1996 nár gha an chuideachta a bheith ciontaithe i gcion sula gciontófaí bainisteoir nó stiúrthóir. Cé nár ghá go ndéanfaí an chuideachta a ionchúiseamh agus a chiontú chun an cúisí a chiontú, ba ghné bhunriachtanach den chion, maidir leis an gcúisí a chiontú i ndeireadh báire, go mbeadh an giúiré cinnte go gcaithfeadh go ndearna an chuideachta féin an cion.

## DIÚLTAÍONN AN CHÚIRT D'ÁITEAMH GO BHFUIL AN DLÍ TRÍNA BHFORÁILTEAR DO CHÚISEANNA COIRIÚLA A DHÍBHE IN AGHAIDH AN BHUNREACHTA

3.1.8 Sa chás *Noel Brohoon v. An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí* [2011] IEHC 74, dhiúltaigh an Ard-Chúirt d'áiteamh an ghearánaí go raibh Alt 4E den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 1967 in aghaidh an Bhunreachta. Foráiltear faoi Alt 4E den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 1967 go bhféadann an cúisí iarratas a dhéanamh le cúirt na trialach ag iarraidh go ndéanfaí ceann nó níos mó ná ceann de na cúiseanna ina aghaidh a dhíbhe más dóigh le cúirt na trialach nach bhfuil cás leordhóthanach ann chun an cúisí a chur ar a thriail. Sa chás go ndéantar cúis a dhíbhe, is féidir leis an Stiúrthóir achomharc a dhéanamh in aghaidh na díbhe sin sa Chúirt Achomhairc Choiriúil. Sa chás seo, bhí de ghearán á dhéanamh ag an ngearánaí nach raibh aon cheart achomhairc den chineál céanna ag an gcúisí in aghaidh shocrú bhreitheamh na trialach nach ndéanfaí cúis a dhíbhe. Dhiúltaigh an Ard-Chúirt do na hargóintí uaidh. Ba é breith na Cúirte go raibh, sa chás nár éirigh le hiarratas ó dhuine a bhí á chúiseamh go ndéanfaí cúiseanna a dhíbhe sa Chúirt Chuarda Choiriúil, roinnt roghanna ag an gcúisí, ina measc athbhreithniú breithiúnach, cás sonraithe a chur faoi bhráid na Cúirte Uachtaraí maidir le ponc dlí agus, i gcás ciontaithe, achomharc mar gheall ar an bponc sin sa Chúirt Achomhairc Choiriúil. Ba léir agus b'fhollasach an gá a bhí ag an ionchúiseamh, i bhfianaise ról éagsúil leis agus cúinsí éagsúla, le ceart den chineál seo. D'fhágfadh socrú sa Chúirt Chuarda go ndéanfaí ionchúiseamh a dhíbhe faoi alt 4E nach mbeadh aon deis ag an ionchúiseamh cás a chur faoi bhráid na Cúirte Achomhairc Coiriúla murach gur ann alt 4E mar go gcaithfí deireadh a chur leis an ionchúiseamh.

### AN SAINMHÍNIÚ AR AN BHFOCAL 'COINNEÁIL' MAIDIR LE CÁS FAOI AIRGEAD TIRIM A FHORGHÉILLEADH

3.1.9 Sa chás *An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. David Anthony England* [2011] IESC 16 ba é breith na Cúirte Uachtaraí nár bhain le dlínse na Cúirte Cuarda ordú forghéillte a dhéanamh faoi alt 39 an Achta um Cheartas Coiriúil 1994 i ndáil le hairgead tirim a gabhadh ón uair a bhí ordú faoi alt 38 an Achta um Cheartas Coiriúil maidir leis an airgead gafa a choinneáil imithe in éag. Ba léir ó fhorálacha na reachtaíochta mar a luadh go raibh de dhíth i ndáil leis an dlínse a cruthaíodh faoi alt 39 forghéilleadh an airgid a gabhadh faoi alt 38 a ordú go ndéanfaí iarratas ar fhorghéilleadh den sórt sin le linn an t-airgead a bheith 'faoi choinneáil' faoi réir an alt 38 céanna sin.

## AN CHÚIRT ACHOMHAIRC CHOIRIÚIL

### PIANBHREITH RÓTHRÓCAIREACH I GCÁS TROMBHUIRGLÉIREACHTA

3.1.10 Sa chás *An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Kieran Barry,* 4 Iúil 2011 (ex tempore), bhí pléadáilte ciontach ag an bhfreagróir sa Chúirt Chuarda i gcion trombhuirgléireachta. Ghearr breitheamh na trialach dhá bhliain príosúnachta air. D'iarr an Stiúrthóir athbhreithniú ar an mbreith sin sa Chúirt Achomhairc Choiriúil ar fhoras an phianbhreith a bheith róthrócaireach gan chúis leis sin. Ba iad fíorais an cháis go ndearna an freagróir bealach isteach le forneart i dteach an íospartaigh go mall san oíche agus gur bhagair sé an scornach a ghearradh inti le scian a bhí ar iompar aige. Ba é a rialaigh an Chúirt Achomhairc Choiriúil go raibh earráid ó thaobh prionsabail i gceist leis an bpianbhreith a gearradh. Ní mba leor an phianbhreith mar nár tugadh san áireamh léi a thromchúisí agus a bhí an cás. Ghéaraigh an Chúirt leis an bpianbhreith ó dhá bhliain príosúnachta go dtí ceithre bliana príosúnachta. Ba í an t-aon toisc maolúcháin a bhainfeadh leis an gcás gur phléadáil an freagróir ciontach. Toisc thábhachtach a chuir le troime an cháis go ndearnadh an choir agus an freagróir amuigh ar bannaí go dtí go ngearrfaí pianbhreith air maidir le cionta eile. Ba é breith na Cúirte go raibh an phianbhreith róthrócaireach gan chúis leis sin, agus an aird chuí ar chineál an chiona, na cúinsí a bhain lena dhéanamh agus an phianbhreith is troime a d'fhéadfaí a ghearradh ar an gcúisí i ndáil leis an gcion, príosúnacht saoil.

### FAD LE PIANBHREITH AR FIONRAÍ I GCÁS COIRLOISCTHE

3.1.11 Sa chás *An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Patrick Harcourt*, 17 Deireadh Fómhair 2011 (ex tempore), bhí pléadáilte ciontach ag an bhfreagróir sa Chúirt Chuarda sa chion is coirloscadh. Ghearr breitheamh na trialach téarma príosúntachta trí bliana air, iomlán an téarma ar fionraí. D'iarr an Stiúrthóir athbhreithniú ar an bpianbhreith sin sa Chúirt Achomhairc Choiriúil ar fhoras an phianbhreith a bheith róthrócaireach gan chúis leis sin. Ba iad fíorais an cháis gur thiomáin an freagróir fear go dtí an garáiste agus gur chuir an fear sin ansin an garáiste agus mótarfheithiclí trí thine. Rinneadh luach €284,000 damáiste d'áitreabh an gharáiste agus do na mótarfheithiclí. Ba é a rialaigh an Chúirt Achomhairc Choiriúil go raibh earráid ó thaobh prionsabail i gceist leis an bpianbhreith a gearradh i ndáil le haon ní amháin. Ba í an earráid sin i ndáil le pianbhreith a ghearradh go raibh an bunphointe lenar ghlac breitheamh na trialach, trí bliana príosúnachta, ró-íseal i ndáil le cion chomh tromchúiseach. Chuir an Chúirt leis an bpianbhreith gur ghearr cúig bhliana príosúnachta ach cuireadh iomlán an téarma cúig bhliana sin ar fionraí ó aontaíodh le breitheamh na trialach go raibh athrú curtha ar an saol ag an bhfreagróir ó rinne sé an cion agus bhí i ndán dáiríre go dtarlódh athshlánúchán. Níor tháinig sé chun aird na nGardaí ó rinne sé an choir sa bhliain 2007 agus ba é tuairisc na Seirbhíse Promhaidh ina leith gur baol measartha a bhí ann go ndéanfadh sé coir arís.

### RIALÚ CÚIRTE NACH MBA NEAMHBHAILÍ BARÁNTAS CUARDAIGH

3.1.12 Sa chás *An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Gareth Mallon* [2011] IECCA 29 rinneadh áras cónaithe an fhreagróra a chuardach agus fuarthas drugaí rialaithe san áitreabh sin. Cúisíodh é i gcionta maidir le drugaí agus cuireadh ar a thriail é sa Chúirt Chuarda. Bhí tugtha de chur síos go hearráideach ar an áitreabh sa bharántas cuardaigh a eisíodh go raibh sé ag *4 Clós Mhuire Mhaith, Baile Átha Cliath 8*. Ba é an seoladh ba chirte ar an mbarántas *4 Clós Lána Mhuire Mhaith, Baile Átha Cliath 8*. D'áitigh an freagróir gur eisíodh an barántas i ndáil le háitreabh nach bhfuil ann agus dá réir sin nach raibh an cuardach dleathach. D'aontaigh an Chúirt Chuarda leis sin agus rinneadh an cás a dhíbhe de bhun alt 4E an Achta um Nós Imeachta Coiriúil 1967 arna rialú nach raibh an barántas bailí. Rinne an Stiúrthóir ansin achomharc faoin mbreith sin leis an gCúirt Achomhairc Choiriúil. Cheadaigh an Chúirt an t-achomharc arna rialú nach raibh an barántas neamhbhailí sa mhéid agus nach raibh sa seoladh mícheart a lua leis an áitreabh a bhí le cuardach ach míthuairisc agus nach ceaptha d'fhonn míthreoir é. Ní fhágann earráid de gach cineál ar bharántas cuardaigh gur neamhbhailí an barántas. Ní raibh an mhíthuairisc ina shárú ar chearta an fhreagróra faoin mBunreacht a rinneadh d'aon ghnó agus i gcomhfhios.

## CÁSANNA MAIDIR LE TIOMÁINT AGUS ÓLACHÁN

### TUAIRIM AN GHARDA AR AN GCÚISÍ A GHABHÁIL

3.1.13 Sa chás *An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Anthony Reddy* [2011] IEHC 40 bhí glao tagtha chuig Garda an ionchúisimh ó aonad ordaithe an Gharda mar gheall ar thionóisc a bhí feicthe ag Garda eile nach raibh ar dualgas. Thug Garda an ionchúisimh fianaise go mba léir ar a theacht dó i láthair gur bhain imbhualadh don charr mar go raibh damáiste déanta do thaobh na feithicle agus gurbh ghá í a tharraingt chun bealaigh ina dhiaidh sin. Rinne an Breitheamh sa Chúirt Dúiche an cás a dhíbhe ar fhoras nach bhféadfadh an Garda, ó tharla nach bhfaca sé an cúisí ag tiomáint an chairr, a theacht le réasún ar an tuairim maidir lena ghabháil mar a éilítear faoi alt 49(8) san Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961 arna leasú. Rinne an Stiúrthóir achomharc maidir leis an gcás san Ard-Chúirt trí chás sonraithe. Ba é breith na hArd-Chúirte nach raibh an ceart ag an mBreitheamh agus an cás a dhíbhe. B'ionann a éileamh go ndéanfadh Garda na gabhála an cosantóir a bhreathnú ag tiomáint na feithicle féin ar bhealach a thabharfadh air teacht ar an tuairim le réasún agus rud sa bhreis a thabhairt i gceist nach bhforáiltear dó in aon chor sa reacht a bhaineann le hábhar. Is í an tástáil chinniúnach ar an gceist an tuairim *bona fide* an tuairim ar a dtagann an Garda. Is féidir an tuairim sin a bheith bunaithe ar nithe a fheiceann an Garda féin nó ar thuairiscí a fhaightear ón tríú páirtí.

### GARDA I DTEIDEAL AN REACHTAÍOCHT A CHEADÚ SA CHÚIRT

3.1.14 Sa chás *An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Aidan Bailey* [2011] IEHC153 cúisíodh an cúisí i gcion maidir le tiomáint ar meisce. Thug Garda an ionchúisimh fianaise sa chúirt gur chuir sé in iúl don chúisí go raibh dlite air faoi alt 13 an Achta um Thrácht ar Bhóithre 1994 dhá shampla anála a chur ar fáil lena gcur faoi anailís. Dúirt an Garda gur thug sé rabhadh don chúisí go mbeadh cion á dhéanamh aige mura dtugadh sé sampla anála. Agus an fhianaise á tabhairt ag an nGarda, cheadaigh sé sliocht as an reachtaíocht ina raibh foclaíocht an rabhaidh a luaitear in alt 13. Rinne aturnae an chúisí agóid ina aghaidh sin. Ciontaíodh an cúisí ina dhiaidh sin i gcion maidir le tiomáint ar meisce agus rinne sé iarratas ansin leis an Ard-Chúirt ar athbhreithniú breithiúnach ar an mbreith ciontaithe sin. Dhiúltaigh an Ard-Chúirt an t-iarratas ar athbhreithniú breithiúnach arna rialú nach raibh cúis ar bith go mbeadh ar an nGarda na focail féin go díreach san alt a chur de ghlanmheabhair agus a aithris de bharr a theanga le linn a chuid fianaise a thabhairt. Ní raibh fianaise ar bith ann nár

tugadh rabhadh don chúisí. Ón uair a luaigh an Garda gur thug sé an rabhadh a luaitear in alt 13, shílfí go mba réasúnach go ligfí dó ina dhiaidh sin téacs an Achta a léamh. Thug an Chúirt chun aire nach raibh mionnscríbhinn mionnaithe ag an amharcóir ag áiteamh nár tugadh an rabhadh dó de réir alt 13. Níor thug an cúisí aon fhianaise sa chúirt ach oiread a bhréagnódh áiteamh an Gharda gur thug sé an rabhadh a luaitear in alt 13.

### LEIBHÉAL TAISLIGH TAOBH AMUIGH DEN RÉIMSE A MHOLTAR

3.1.15 Sa chás *An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v. Michael Nash* [2011] IEHC 418, cúisíodh an cúisí i gcoir maidir le tiomáint ar meisce. Le linn na trialach d'éist an Breitheamh sa Chúirt Dúiche fianaise ón nGarda ionchúisimh gurbh ionann an leibhéal taisligh sa seomra inar glacadh an sampla anála agus 26%. Bhí sin taobh amuigh den réimse a mholtar ó moltar sa treoirlíne gur fearr an Intoxilyser a úsáid agus an leibhéal taisligh idir 30% agus 90%. Chuir an Garda in iúl don Chúirt nach raibh sna figiúirí maidir le taisleach ach treoirlínte agus go raibh seisean cinnte go raibh an Intoxilyser ag obair mar ba cheart sular cuireadh na samplaí anála faoi anailís. Dúirt sé nach ndéanfadh an Intoxilyser an deimhniú faoi alt 17 a phriondáil mar a rinne dá mbeadh teocht agus taisleach sa seomra a chuirfeadh isteach ar chruinneas an toraidh. Rinne an Breitheamh an cás a dhíbhe agus d'aontaigh an cás a chur faoi bhráid na hArd-Chúirte trí chás sonraithe. Ba é breith na hArd-Chúirte nach raibh an ceart ag an mBreitheamh sa Chúirt Dúiche an cás a dhíbhe. Ní raibh dlite faoin reachtaíocht ná faoi rialachán go dtabharfaí an teocht ná an taisleach ar aire, gan a áireamh sin a bheith de dhíth sula gciontófaí. Ní raibh fianaise ar an leibhéal taisligh a bheith taobh amuigh den réimse sna treoirlínte ina bhréagnú ar thoimhde cruinnis i ndáil leis an deimhniú faoi alt 17.

## IARRATAIS *HABEAS CORPUS*

### NÍOR CHEART DON BHREITHEAMH CEAD AMACH AR BANNAÍ A CHÚLGHAIRM I NGEALL AR FHIANAISE CHLOSTRÁCHTA

3.1.16 *Richard McCann v. Gobharnóir Phríosún an Chaisleáin Riabhaigh* [2011] I.E.H.C 294. Le linn iarratas ar bhannaí a éisteacht sa Chúirt Dúiche, ceadaíodh fianaise chlostráchta a thug Garda go raibh an t-iarratasóir páirteach i mbeartaíocht choireachta thromchúiseach leanúnach agus go raibh baint aige le heachtra le daoine áirithe de theaghlach a bhí i gcoimhlint leis an iarratasóir agus a theaghlach féin. Chuir an Chúirt Dúiche ansin scaoileadh amach an iarratasóra ar bannaí ar neamhní i ngeall ar an bhfianaise chlostráchta seo. Rinne an t-iarratasóir ansin iarratas leis an Ard-Chúirt go scaoilfí saor é de bhun Airteagal 40.2 an Bhunreachta. Lig an Ard-Chúirt saor ó choinneáil é arna rialú gurbh neamhdhleathach a choinneáil. Ba é breith na Cúirte nach raibh aon bhunús faoin dlí le fianaise chlostráchta a cheadú i gcúinsí an cháis. Ba é toradh a bhí air sin go raibh earráid bhunúsach déanta ag an gCúirt Dhúiche maidir leis an bhfianaise chlostráchta a cheadú agus gur fhág an earráid sin dlíthiúlacht choinneáil an iarratasóra a chur ó mhaith.

### RINNE AN BREITHEAMH DE RÉIR AN DLÍ AGUS FIANAISE CHLOSTRÁCHTA A CHEADÚ AGUS CEAD AMACH AR BANNAÍ Á DHIÚLTÚ

3.1.17 Sa chás *Mark Clarke v. Gobharnóir Phríosún Chnoc Seimre* [2011] I.E.H.C 199, cúisíodh an t-iarratasóir i gcion maidir le drugaí agus cuireadh siar ar bannaí é go dtí an Chúirt Dhúiche. Chuir faisnéiseoir rúnda, a raibh aithne ag an nGarda air, in iúl do dhuine de na Gardaí ina dhiaidh sin go rabhthas le pas agus airgead a thabhairt don iarratasóir a chuirfeadh ar a chumas an Stát a fhágáil. Rinne an Garda iarratas leis an gCúirt Dúiche ansin ar bharántas maidir le húdarás an t-iarratasóir a ghabháil faoi alt 6(5) an Achta um Bannaí, 1997. Rinne sé

iarratas cead amach an iarratasóra ar bannaí a chur ar gcúl mar gheall go raibh athrú ar chúinsí ó tugadh cead amach ar bannaí don iarratasóir an chéaduair agus go raibh baol dáiríre anois ann go bhfágfadh an t-iarratasóir an dlínse. Cheadaigh an Chúirt Dúiche an fhianaise chlostráchta ón nGarda go raibh curtha in iúl ag faisnéiseoir rúnda go rabhthas chun pas agus airgead a thabhairt don iarratasóir a chuirfeadh ar a chumas an Stát a fhágáil. D'iarr an t-iarratasóir ordú habeas corpus. D'áitigh an t-iarratasóir nach breithiúnas neamhspleách a bhí tugtha ag an gCúirt Dúiche faoin gceist cibé an raibh nó nach raibh baol éalaithe ann i ndáil leis an iarratasóir. D'áitigh an t-iarratasóir freisin go raibh an dlínse sáraithe ag an gCúirt Dúiche agus fianaise chlostráchta a cheadú. Dhiúltaigh an Ard-Chúirt an faoiseamh a iarradh. Ba é breith na Cúirte gur breithiúnas neamhspleách a bhí tugtha ag an gCúirt Dúiche i ndáil leis an líomhain gur bhain baol éalaithe leis an iarratasóir agus go raibh bonn aitheanta i gcúrsaí fianaise le fianaise chlostráchta a cheadú sa chás seo, i.e. pribhléid faisnéiseora. Bhí déanta de réir an dlí ag an gCúirt Dúiche an fhianaise chlostráchta a cheadú agus bhí déanta de réir an dlí freisin agus cead amach ar bannaí a dhiúltú.

# CUID 4:

## STAITISTICÍ

# STAITISTICÍ

## NÓTA MÍNITHE I NDÁIL LE STAITISTICÍ

**4.1** Cuireadh na staitisticí atá léirithe sa tuarascáil seo le chéile ó chóras nua leictreonach um Rianú Cásanna, Bainistithe Cáipéisí agus Comhad na hOifige a chuaigh beo san Oifig ag deireadh mhí Deireadh Fómhair 2008.

**4.2** Oibríonn an córas nua ar bhonn lánpháirtithe agus bíonn an uimhir thagartha cáis céanna ag gach gné de chás, ón bpróiseas chur ar aghaidh tosaigh go dtí achomharc sa Chúirt Achomhairc Choiriúil, agus faightear léargas ar na gnéithe éagsúla de chás ach súil tapa a chaitheamh air.

**4.3** Mar chuid den phróiseas feidhmithe aistríodh sonraí ó na córais IT roimhe seo isteach sa chóras nua. Bhí roinnt bunachar sonraí neamh-chomhoiriúnacha sna córais roimhe seo, agus bhí leibhéal suntasach meáitseála sonraí agus glanadh sonraí i gceist leis na próisis aistrithe sonraí. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt neamhréireachtaí idir na staitisticí a tógadh ón gcóras nua agus sonraí a léiríodh i dtuarascálacha roimhe seo.

**4.4** Tá an Cuid seo briste síos i dtrí roinn ar leith:

- Baineann Cairteacha 1 go dtí 5 (Cuid 4.1) le fáil comhad san Oifig agus áirítear orthu mionsonraí ar na cineálacha treoracha a rinneadh;
- I gCairteacha 6 go dtí 10 (Cuid 4.2) soláthraítear mionsonraí ar thorthaí cásanna ionchúisimh ar dhíotáil an Stiúrthóra i ndáil le comhaid a fuarthas san Oifig idir 2006 agus 2008.
- Baineann Cairteacha 11 go dtí 13 (Cuid 4.3) le hiarratais chuig na Cúirteanna ar athbhreithniú pianbhreithe toisc iad a bheith róthrócaireach; coigistiú agus forghéilleadh sócmhainní coiriúla; agus Barántais Ghabhála Eorpacha.

**4.5** Tagraíonn na teorainneacha bliantúla sna táblaí staitistice don bhliain a bhfuarthas an comhad san Oifig. Is é an chúis a ndeachthas siar chomh fada sna cairteacha 6 go dtí 10 ná chun an tréimhse ama idir an cinneadh ionchúiseamh a dhéanamh agus fíorasc na trialach a thaifeadadh a chur san áireamh. Dá mbeadh staitisticí le soláthar i ndáil le torthaí cásanna 2010, bheadh cion mór de na cásanna á rangú mar 'le héisteacht' agus ba bheag luach a bheadh leis na staitisticí. Ní gá go mbeadh cásanna a éistítear laistigh de thréimhse ghairid ionadaíoch ar chásanna eile.

**4.6** Déantar iarracht sa tuarascáil seo den chuid is mó leaganacha nuashonraithe de na sonraí a léiríodh sna Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo a chur san áireamh chun cuntas níos iomláine a thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta ó foilsíodh na sonraí sin roimhe seo. Mar gheall ar athrú leanúnach ar stádas cásanna – mar shampla, d'fhéadfadh cás a bhí ag feitheamh i dtuarascáil roimhe seo a bheith tugtha chun críche anois – beidh an fhaisnéis sa tuarascáil seo éagsúil ón bhfaisnéis ar an gcohórt cásanna céanna i dtuarasálacha roimhe seo. Ina theannta sin, b'fhéidir nach mbeadh sonraí ó dhá bhliain éagsúla inchomparáide mar gheall de réir mar a thugtar níos mó cásanna chun críche bíonn faisnéis ó na blianta tosaigh níos iomláine ná cásanna sna blianta is deireanaí. Mura luaitear a mhalairt, rinneadh na sonraí atá san áireamh sna staitisticí seo a nuashonrú i mí Lúnasa 2012.

**4.7** Ba chóir a bheith cúramach nuair a bhítear ag breithniú na staitisticí seo i bhfianaise na staitisticí arna bhfoilsiú ag eagraíochtaí eile mar an tSeirbhís Chúirteanna nó An Garda Síochána. Tá na staitisticí a fhoilsítear anseo bunaithe ar ár gcórais rangúcháin agus catagóirithe féin agus d'fhéadfadh sé tarlú i gcásanna áirithe nach mbeadh siad ag teacht le córais rangúcháin eagraíochtaí eile.

# 4.1 COMHAID IONCHÚISIMH A FUARTHAS

Léiríonn Cairt 1 líon iomlán na gcomhad a fuair Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí idir 1976 agus 2011.

Baineann tromlach na gcomhad a fhaigheann an Oifig le hionchúiseamh cásanna coiriúla. Déileálann an chuid eile le fiosrúcháin ghinearálta, le hábhair d'athbhreithniú breithiúnach nó le hiarratais ar chomhairle dlí ón nGarda Síochána nó ó aturnaetha stáit áitiúla. Go ginearálta, tháinig ardú ar líon na gcomhad a fuarthas, agus ar chastacht na saincheisteanna nach mór díriú orthu ó cuireadh an Oifig ar bun.

Tá laghdú suntasach os cionn 1,000 comhad sna figiúirí don tréimhse 2000 go 2001 mar thoradh ar athrú ar na socruithe riaracháin lena gceadaítear don Gharda Síochána cionta áirithe a ionchúiseamh gan comhaid a chur faoi bhráid na hOifige roimh ré le treoracha a fháil. Is ann don mhéadú mór sna figiúirí ó 2001 go dtí 2002 mar gheall ar Roinn Choiriúil Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit a aistriú go dtí Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i Nollaig 2001 chun Roinn Athurnaetha na hOifige a chruthú.

* **NÓTA:** *Ní áirítear líon na gcomhad dlí eile a fuarthas san Oifig leis na figiúirí ón 2006 amach. Is comhaid iad seo a bhaineann le saincheisteanna dlí ar nós iarratais ar chomhairle dlí ón nGarda Síochána agus ó aturnaetha stáit áitiúla. Toisc nach mbaineann siad le comhaid ionchúisimh choiriúla aonair, breithníodh go mbeadh sé níos oiriúnaí gan iad a chur san áireamh do chríocha staidrimh i dtuarascáil na bliana seo.*

## CAIRT 1: LÍON IOMLÁN NA GCOMHAD A FUARTHAS

| Bliain | Comhaid | Bliain | Files | Bliain | Files |
|---|---|---|---|---|---|
| 1976 | 2,298 | 1988 | 3,829 | 2000 | 7,815 |
| 1977 | 2,542 | 1989 | 3,724 | 2001 | 6,821 |
| 1978 | 2,715 | 1990 | 3,849 | 2002 | 14,586 |
| 1979 | 2,698 | 1991 | 4,255 | 2003 | 14,696 |
| 1980 | 2,806 | 1992 | 4,880 | 2004 | 14,613 |
| 1981 | 3,249 | 1993 | 5,356 | 2005 | 14,427 |
| 1982 | 3,738 | 1994 | 6,393 | 2006 | * 15,279 |
| 1983 | 4,309 | 1995 | 6,674 | 2007 | * 15,446 |
| 1984 | 4,759 | 1996 | 6,687 | 2008 | * 16,144 |
| 1985 | 4,335 | 1997 | 6,915 | 2009 | * 16,074 |
| 1986 | 4,263 | 1998 | 7,066 | 2010 | * 15,950 |
| 1987 | 3,902 | 1999 | 7,321 | 2011 | * 16,128 |



Soláthraíonn Roinn Aturnaetha Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí seirbhís aturnae don Stiúrthóir agus gníomhaíonn thar a cheann. Déileálann an roinn freisin le cásanna nach gcaitear a tharchur go díreach chuig an Roinn Treorúcháin chun treoir a fháil.

Léiríonn Cairt 2 an líon cásanna ar dhéileáil Roinn na nAturnaetha, agus an roinn sin amháin, leo agus áirítear inti comhaid ionchúisimh don Chúirt Dúiche, achomhairc ón gCúirt Dúiche go dtí an Chúirt Chuarda agus iarratais ar Bhannaí san Ard-Chúirt. Léiríonn an figiúr d'Achomhairc ón gCúirt Dúiche an líon comhad a sealbhaíodh agus ní an líon cúiseamh aonair a ndearnadh achomharc orthu. D'fhéadfadh roinnt cúiseamh a bheith faoi achomharc ag aon chosantóir amháin.

Déileálann Roinn na nAturnaetha le hiarratais ar athbhreithniú breithiúnach freisin. Cé gurb í Roinn na nAturnaetha, agus an roinn sin amháin, a dhéileálann le cuid de na hiarratais sin, caithtear cuid eile a chur ar aghaidh chuig an Roinn Treorúcháin le treoir a fháil. Mar gheall go bhfuil an Roinn Athbhreithnithe Bhreithiúnacha lonnaithe i Roinn na nAturnaetha, áfach, tá an líon iomlán d'iarratais ar athbhreithniú breithiúnach ar déileáladh leo sa chairt seo. Is féidir leis an Stiúrthóir Athbhreithniú Breithiúnach a ghlacadh nó is féidir athbhreithniú breithiúnach a ghlacadh ina aghaidh.

## CAIRT 2: COMHAID A NDÉILEÁILTEAR LEO I ROINN NA NATURNAETHA

| | 2011 | % | 2010 | % | 2009 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Comhaid Ionchúisimh Cúirte Dúiche | 1737 | 25% | 1979 | 29% | 1969 | 28% |
| Achomhairc ón gCúirt Dúiche chun na Cúirte Cuarda | 2306 | 34% | 2178 | 32% | 2572 | 37% |
| Iarratais ar Bhannaí Ard-Chúirte | 2545 | 37% | 2316 | 34% | 2037 | 30% |
| Iarratais Athbhreithnithe Breithiúnacha | 264 | 4% | 308 | 5% | 328 | 5% |
| **IOMLÁN** | **6852** | | **6781** | | **6904** | |



Léiríonn Cairt 3 an líon comhad a fuarthas ina gcaitear cinneadh a dhéanamh an ndéanfar nó nach ndéanfar cás a ionchúiseamh. Déanann an chairt comparáid idir líon na gcomhad a fuarthas agus líon na n-amhrastach is ábhar do na comhaid sin. Baineann go leor comhad le níos mó ná amhrastach amháin agus dá gcaithfí le comhad mar sin mar chás aonair d'fhéadfá ualach oibre míchruinn a lua leis an Oifig. Tá sé tábhachtach, mar sin, féachaint ar líon iomlán na n-amhrastach chomh maith le líon iomlán na gcomhad.

I rith na bliana 2008, thug an Oifig, ar bhonn píolótach, tionscnamh isteach faoina ndéantar, i gcásanna áirithe, an cúram i ndáil le cinneadh cibé ar cheart ionchúiseamh a dhéanamh, a tharmligean ón bhfoireann dlí sa Rannóg Treorúcháin leis an bhfoireann dlí i Rannóg na nAturnaetha. Is é cuspóir atá leis an tioncsnamh go mbeadh úsáid níos éifeachtúla á baint as acmhainní.

## CAIRT 3: BRISEADH SÍOS MAIDIR LEIS NA COMHAID A FUARTHAS D'FHONN CINNEADH CIBÉ AN NDÉANFAÍ IONCHÚISEAMH

| | 2011 | 2010 | 2009 |
|---|---|---|---|
| Líon na gComhad ar pléadh leo i Rannóg na nAturnaetha | 9198 | 9062 | 9102 |
| Líon na gComhad ar pléadh leo sa Rannóg Treorúcháin | 78 | 107 | 66 |
| **LÍON IOMLÁN na gcomhad a fuarthas d'fhonn cinneadh cibé an ndéanfaí ionchúiseamh** | **9276** | **9169** | **9168** |
| **LÍON IOMLÁN na n-amhrastach a bhain leis na comhaid sin** | **12728** | **12577** | **12344** |



Tá cur síos sa chairt seo ar na comhaid a fuair an Roinn Treorúcháin agus a ndearna sí iad a dhiúscairt i 2009, 2010 agus 2011 (suas go dtí Lúnasa 2012). Cuireann an Garda Síochána agus gníomhaireachtaí imscrúdúcháin speisialta na comhaid faoi bhráid Roinn na nAturnaetha go díreach nó faoi bhráid aturnae stáit áitiúil le haghaidh treorach faoi dhul ar aghaidh nó gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Déantar cinneadh mar seo a leanas, ag tabhairt tromchúiseacht an chiona agus an fhaisnéis atá sa chomhad i gcuntas:

**Ionchúiseamh ar bith:** Déantar cinneadh gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh. Is de bharr ganntanas fianaise sa chuid is mó a dhéantar cinneadh gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh Léiríonn na figiúirí, áfach, na cúiseanna go léir gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh.

**Ionchúiseamh ar Díotáil:** Déantar cinneadh dul ar aghaidh le hionchúiseamh sa Chúirt Chuarda, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil nó i gCúirt Speisialta Choiriúil.

**Diúscairt Achomair:** Bíonn an cion le hionchúiseamh sa Chúirt Dúiche.

**Faoi Bhreithniú:** Comhaid nach mbíonn cinneadh déanta maidir leo. Ar áireamh anseo tá na comhaid ina raibh gá le tuilleadh faisnéise nó imscrúdaithe sula bhféadfaí cinneadh a dhéanamh. Is chun an cás a neartú a dhéantar tuilleadh faisnéise a lorg go hiondúil seachas de bharr aon locht a bheith ar an imscrúdú.

**NÓTA:** *Tá na figiúirí do 2009 agus 2010 tugtha suas chun data ó foilsíodh Tuarascálacha Bliantúla roimhe seo. Léiríonn an laghdú ar líon na gcomhad atá 'Faoi Bhreithniú' i gcomparáid le blianta roimhe seo an dul chun cinn ata déanta maidir leis na comhaid sin ó shin. Ar áireamh sna 'hIonchúisimh ar Díotáil' tá na cásanna sin inar roghnaigh cosantóirí triail le giúiré agus cásanna inar dhiúltaigh an Breitheamh Dúiche dlínse, d'ainneoin gur roghnaigh an Stiúrthóir diúscairt achomair ar dtús.*

## CAIRT 4: DIÚSCAIRT COMHAD AN ROINN TREORÚCHÁIN DE RÉIR LÍON DAOINE IS ÁBHAR DO NA COMHAID A FUARTHAS

| Treoir Déanta | 2011 | % | 2010 | % | 2009 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ionchúiseamh ar Bith | 4751 | 37% | 4668 | 37% | 4266 | 35% |
| Ionchúiseamh nó Indíotail | 3611 | 28% | 3793 | 30% | 3891 | 33% |
| Diúscairt Achomair | 4231 | 33% | 4071 | 32% | 4159 | 32% |
| **LÍON IOMLÁN COMHAD A DIÚSCRAÍODH** | **12593** | **99%** | **12532** | **100%** | **12316** | **100%** |
| Faoi Bhreithniú | 135 | 1% | 45 | 0% | 28 | 0% |
| **IOMLÁN** | **12728** | | **12577** | | **12344** | |



Bíonn cúiseanna éagsúla ann, seachas na príomhchúiseanna a leagtar amach sa chairt seo ('eile') gan dul ar aghaidh le hionchúiseamh i ndáil le comhad áirithe. Cúpla sampla de na cúiseanna seo ná, bás nó dul ar iarraidh an duine atá faoi amhras, bás nó dul ar iarraidh an ghearánaí nó diúltú an ghearánaí fianaise a thabhairt

## CAIRT 4A: CUR SÍOS AR NA PRÍOMHCHÚISEANNA AR THREOIR GAN DUINE ATÁ FAOI AMHRAS A IONCHÚISEAMH

| Príomhchúiseanna gan dul ar aghaidh | 2011 | % | 2010 | % | 2009 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ganntanas Fianaise | 3583 | 75% | 3496 | 75% | 2969 | 69% |
| Clár Athstiúrtha Óige | 79 | 2% | 94 | 2% | 101 | 2% |
| Leas an Phobail | 194 | 4% | 179 | 4% | 236 | 6% |
| Forais Simpiteacha | 21 | 0% | 37 | 1% | 30 | 1% |
| Tréimhse Ama Caite | 87 | 2% | 61 | 1% | 97 | 2% |
| Moill Mhíchuí | 28 | 0% | 31 | 1% | 62 | 2% |
| Tarraingíonn an Páirtí Díobhálaithe Siar an Gearán | 247 | 6% | 210 | 5% | 200 | 5% |
| Eile | 512 | 11% | 560 | 12% | 571 | 13% |
| **IOMLÁN** | **4751** | | **4668** | | **4266** | |



I mí Deireadh Fómhair 2008, d'fhógair an Stiúrthóir athrú ar an bpolasaí maidir le cúiseanna a lua le cinneadh ionchúisimh sa chás go gcinntear gan ionchúiseamh a dhéanamh. Tugadh isteach an polasaí ar bhonn píolótach faoina dtugtar na cúiseanna le cinneadh nach ndéanfaí ionchúiseamh i gcás a raibh bás i gceist leis do mhuintir nó do theaghlach an íospartaigh ar iadsan sin a iarraidh. Go dtí gur tháinig an t-athrú sin ar an bpolasaí, thugtaí na cúiseanna le cinneadh nach ndéanfaí ionchúiseamh don Gharda Síochána nó don Aturnae Stáit ach ní luaití cúiseanna le haon duine den phobal. Tá an polasaí seo i bhfeidhm maidir le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh, nó gan leanacht ar aghaidh le hionchúiseamh, i ndáil le cionta a bhfuil bás duine ag baint leo nuair a tharla an cion líomhnaithe ar an 22 Deireadh Fómhair 2008 nó tráth is deireanaí ná sin.

Tá 33 iarraidh ar iomlán faighte ó tugadh insteach an beartas. 79% díobh sin a bhain le timpistí bóthair inar maraíodh duine.

## CAIRT 4B: IARRATAIS GO LUAIFÍ CÚISEANNA A FUARTHAS IDIR DEIREADH FÓMHAIR 2008 AGUS LÚNASA 2012

| Tugadh mionchúiseanna leis an gcinneadh | Diúltaíodh an t-iarratas go luaifí cúiseanna | Tarraingíodh siar an t-iarratas | Ar feitheamh | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|
| 24 | 5 | 1 | 3 | **33** |

Is briseadh síos atá i gCairt 4D de na treoracha a tugadh ionchúiseamh ar díotáil a dhéanamh, de réir an chontae ina ndearnadh an cion. Cuirtear san áireamh inti cásanna a treoiríodh a éisteacht sa Chúirt Choiriúil, sa Phríomh-Chúirt Choiriúil agus sna Cúirteanna Coiriúla Speisialta. Tabhair ar aird, go bhfuil líon cásanna ar cásanna iad 'atá á mbreithniú' (féach cairt 4). Áirítear anseo cásanna ina bhfuarthas comhad ach ina dteastaíonn breis faisnéise. Ní féidir a dhéanamh amach cé mhéad de na cásanna sin a bhféadfadh treoir d'ionchúiseamh ar díotáil a bheith mar thoradh orthu.

## CAIRT 4D: CUR SÍOS AN LÍON IONCHÚISEAMH AR DÍOTÁIL TREORAITHE DE RÉIR CONTAE AN CHIONA

| | | | | | | Ionchúiseamh ar Díotáil Treoraithe de Réir Contae an Chiona | | | | | Cássanna an 1,000 Dúinne | | | | | Meáin Rolta 3 Bliana | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Daonra 2011* | Daonra 2010 * | Daonra 2009 * | Daonra 2008 * | Daonra 2007 * | 2011 | 2010 | 2009 | 2008 | 2007 | 2011 | 2010 | 2009 | 2008 | 2007 | 2009-2011 | 2008-2010 | 2007-2009 |
| **Ceatharlach** | 54,612 | 54,868 | 54,245 | 53,295 | 51,820 | 44 | 49 | 37 | 38 | 15 | 0.81 | 0.89 | 0.68 | 0.71 | 0.29 | 0.79 | 0.76 | 0.56 |
| **An Cabhán** | 73,183 | 68,420 | 68,598 | 67,300 | 65,769 | 34 | 45 | 41 | 44 | 29 | 0.46 | 0.66 | 0.60 | 0.65 | 0.23 | 0.57 | 0.64 | 0.49 |
| **An Clár** | 117,196 | 115,121 | 114,937 | 114,291 | 112,109 | 98 | 109 | 108 | 77 | 72 | 0.84 | 0.95 | 0.94 | 0.67 | 0.26 | 0.91 | 0.85 | 0.62 |
